SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

# An Spórt á Chumhachtú

## Ag Tacú le Forbairt an Lucht Saothair Ghairmiúil sa Spórt in Éirinn (2026-2030)



# Clár na nÁbhar


Réamhrá ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin 3

**1. Réamheolas 4**
- Lucht Saothair Oiriúnach don Todhchaí 6
- Daoine i gCroílár an Spóirt in Éirinn 6
- Idirnascacht le Beartas & Pleananna Reatha Spórt Éireann 7

**2. Forléargas ar an Earnáil 8**
- Teacht Chun Cinn & Fás Lucht Saothair an Spóirt in Éirinn 9
- Comhdhéanamh Reatha 10
- Miondealú ar Bhaill Foirne atá Fostaithe go Díreach i gComhlachtaí arna Maoiniú ag Spórt Éireann 11
- Láidreachtaí na hEarnála 12
- Fócas & Réimsí Tionchair na Straitéise 13
- An Timpeallacht Spóirt Níos Leithne 14
- An Margadh Saothair Baile & an Timpeallacht Idirnáisiúnta 15

**3. Próiseas Comhairliúcháin & Forbartha na Straitéise 16**

**4. Príomhléargais & Fírinní faoin Lucht Saothair 18**
- Réimse Léargais a hAon: An Margadh Saothair Baile 19
- Réimse Léargais a Dó: Infheistíocht & Acmhainní 19
- Réimse Léargais a Trí: Pleanáil don Lucht Saothair & Próisis Acmhainní Daonna 19
- Réimse Léargais a Ceathair: Earcaíocht, Coinneáil & Aitheantas 19
- Réimse Léargais a Cúig: Léargais & Sonraí 20
- Réimse Léargais a Sé: Gairmiúlú, Forbairt Scileanna & Forbairt Ghairmiúil Leanúnach 21
- Réimse Léargais a Seacht: Éagsúlacht sa Lucht Saothair 22
- Réimse Léargais a hOcht: Rannchuidiú Idirnáisiúnta 22

**5. Forbairt an Lucht Saothair go dtí seo 23**

**6. Cumasóirí & Acmhainní a Chur ar Fáil chun Tionchar a Imirt 26**
- Na hAcmhainní a Theastaíonn 27
- Réimse Cumasóra a hAon: Infheistíocht & Acmhainní 28
- Réimse Cumasóra a Dó: Pleanáil don Lucht Saothair & Próisis Acmhainní Daonna 28
- Réimse Cumasóra a Trí: Earcaíocht, Coinneáil & Aitheantas 28
- Réimse Cumasóra a Ceathair: Léargais & Sonraí 29
- Réimse Cumasóra a Cúig: Gairmiúlú, Forbairt Scileanna & Forbairt Ghairmiúil Leanúnach 29
- Réimse Cumasóra a Sé: Éagsúlacht sa Lucht Saothair 30
- Réimse Cumasóra a Seacht: Rannchuidiú Idirnáisiúnta 31

**7. Plean Forbartha don Lucht Saothair (2026-2030) 32**

**8. Aguisíní 37**
- Príomhdhoiciméid Straitéiseacha & Bheartais 38
- Liosta Comhlachtaí arna nAithint/Maoiniú ag Spórt Éireann 39
- Gluais 41

# Réamhrá ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin



## Is iad na daoine a thugann cumhacht don Spórt in Éirinn.

Ó na hoibrithe deonacha, na hoifigigh agus na cóitseálaithe a thugann a gcuid ama i gclubanna áitiúla go dtí na riarthóirí, na hoifigigh forbartha agus na ceannairí a threoraíonn eagraíochtaí ar gach leibhéal, is iad na daoine a chothaíonn, a mhúnlaíonn agus a neartaíonn ár gcóras spóirt. Is í a ndúthracht siúd a chumasaíonn rannpháirtíocht i bpobail áitiúla, a thacaíonn le lúthchleasaithe rath a bhaint amach ar an ardán domhanda, agus a chinntíonn go leanann an spórt ar aghaidh ag cur le saibhreas saolta daoine ar fud na tíre.

Le scór bliain anuas, tá méadú tagtha ar scála agus ar shofaisticiúlacht an lucht saothair ghairmiúil spóirt in Éirinn. Tá an chaoi a n-eagraítear agus a sholáthraítear an spórt athmhúnlaithe mar gheall ar an méadú ar infheistíocht, an méadú ar an méid a mbítear ag súil leis i dtaobh rialachas, uaillmhianta níos láidre i dtaobh ionchuimsitheacht agus caighdeáin feidhmíochta atá ag ardú. Cuireann an dul chun cinn sin deiseanna ar fáil, chomh maith le freagracht shoiléir a chinntiú go mbeidh ár lucht saothair ullamh don todhchaí.

*Is é An Spórt á Chumhachtú: Ag Tacú le Forbairt an Lucht Saothair Ghairmiúil sa Spórt in Éirinn (2026–2030)* an chéad straitéis dírithe ar an earnáil don lucht saothair spóirt in Éirinn. Leagtar amach treochlár uaillmhianach agus praiticiúil inti chun bonn ár luchta saothair ghairmiúil a neartú, agus aitheantas á thabhairt do scála an mhéid atá á dhéanamh cheana féin agus castacht na timpeallachta ina n-oibríonn an spórt sa lá atá inniu ann.

Tugann an straitéis seo freagra díreach ar na fírinní roimh an earnáil: margadh saothair atá thar a bheith iomaíoch, éilimh mhéadaitheacha i dtaobh rialachas agus comhlíonadh, an gá le conairí gairme struchtúrtha, an tábhacht a bhaineann le héagsúlacht sa lucht saothair, agus an t-ionchas go bhfeidhmeoidh eagraíochtaí spóirt mar fhostóirí nua-aimseartha agus gairmiúla.

Inbhuanaitheacht agus sármhaitheas atá i gcroílár na straitéise seo. Baineann sí lena chinntiú gurb é lucht saothair atá oilte, éagsúil, réidh don todhchaí agus a bhfuil meas air atá ag tacú leis an spórt in Éirinn. Féachann sí leis na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Pleanáil straitéiseach don lucht saothair a chumasú
- Earcaíocht, coinneáil agus aitheantas a neartú
- Conairí gairmiúla soiléire agus córas struchtúrtha don fhorbairt ghairmiúil leanúnach a chruthú
- Éagsúlacht agus Ceannaireacht Ionchuimsitheach a thabhairt chun cinn
- Rannchuidiú idirnáisiúnta na hÉireann leis an spórt a mhéadú

Is tábhachtach nach bhfuil an straitéis seo neamhspleách ar bheartais, pleananna agus obair Spórt Éireann. Tagann sí go dlúth leis an *mBeartas Náisiúnta Spórt 2018–2027*, leis an *bPlean Gníomhaíochta Spóirt 2024–2027*, agus le hobair níos leithne Spórt Éireann sna réimsí seo: rialachas, mná sa spórt, míchumas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht, cóitseáil agus ardfheidhmíocht.

Tá an straitéis seo bunaithe ar phróiseas comhairliúcháin fairsing agus comhoibríoch. Is mian liom buíochas a ghabháil leis na coistí náisiúnta rialaithe, na comhpháirtíochtaí áitiúla spóirt, na comhlachtaí ionadaíocha agus na páirtithe leasmhara san earnáil a thug a gcuid ama, léargais agus tuairimí macánta. Chinntigh bhur rannpháirteachas go dtugann an straitéis seo léiriú ar thaithí saoil agus ar fhírinní oibríochtúla.

Beidh tiomantas, comhoibriú agus infheistíocht leanúnach de dhíth chun í a bhaint amach. Beidh comhpháirtíocht leanúnach de dhíth freisin; meas a léiriú ar neamhspleáchas agus éagsúlacht na gcomhlachtaí maoinithe agus an cheannaireacht agus an tacaíocht is gá chun neart comhchoiteann a thógáil á gcur ar fáil ag an am céanna.

Má táimid chun níos mó daoine a spreagadh le bheith rannpháirteach sa spórt, tacú le sármhaitheas ar gach leibhéal agus a chinntiú go leanfaidh an spórt ar aghaidh ar freastal ar shochaí na hÉireann, ní mór dúinn infheistiú i bhforbai na ndaoine a chuireann an spórt ar fáil.

Is léiriú í an straitéis seo ar ár dtiomantas an méid sin a dhéanamh.

**An Dr. Úna May**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Spórt Éireann

# 1

# Réamheolas

Baineann an spórt in Éirinn le daoine thar aon ní eile - na lúthchleasaithe a thugann inspioráid dúinn, na céadta míle oibrí deonach a thugann a gcuid ama go flaithiúil, agus na clubanna áitiúla atá i gcroílár phobail ar fud na tíre. Ó pháirceanna imeartha áitiúla agus hallaí pobail go dtí ionaid idirnáisiúnta, tugann an spórt daoine le chéile, múnlaíonn sé ár bhféiniúlacht náisiúnta agus tugann sé buntáistí ar feadh an tsaoil i dtaobh sláinte, ionchuimsitheacht agus folláine.



Bíonn an spórt faoi bhláth nuair a thugtar tacaíocht do na daoine a chuireann an spórt ar fáil bheith faoi bhláth. Cuireann lucht saothair ardoilte an struchtúr, an treoraíocht agus an cheannaireacht ar fáil a ligeann don obair dheonach dul faoi bhláth agus a chinntíonn go bhfuil meas ar oibrithe deonacha, go dtugtar tacaíocht dóibh agus go ndéantar iad a chomhtháthú go héifeachtach laistigh den éiceachóras spóirt níos leithne.

Aithnítear i straitéis Spórt Éireann go bhfuil earnáil spóirt atá faoi bhláth, dea-eagraithe agus a dtugtar tacaíocht mhaith di riachtanach chun níos mó daoine a spreagadh chun tosú ar spórt agus gníomhaíocht choirp, leanúint leo agus éachtaí a bhaint amach iontu. Príomhghné den fhís sin a bhaint amach é an lucht saothair a neartú. Trí lucht saothair atá gairmiúil, ionchuimsitheach, éagsúil agus athléimneach a chothú, tá sé mar aidhm ag Spórt Éireann bonn an spóirt in Éirinn a neartú, agus a chinntiú go leanfaidh sé de bheith faoi bhláth, ag fás agus ag baint ratha amach, ó rannpháirtíocht phobail áitiúla go dtí an leibhéal is airde feidhmíochta.

Gnéithe suntasacha d'earnáil an spóirt in Éirinn iad a fairsinge agus a héagsúlacht - i dtaobh an obair a dhéanann sí agus na heagraíochtaí a chuimsítear léi. Ó na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt (CÁSanna) agus Coistí Náisiúnta Rialaithe (CNRanna) an spóirt go dtí na clubanna pobail agus na soláthraithe tráchtála, áirítear obair ghairmiúil, obair dheonach agus samhlacha oibre cumaisc leis an earnáil. Is láidreacht uathúil í an éagsúlacht sin a fhágann gur féidir leis an spórt bheith i gcroílár an tsaoil in Éirinn agus freagairt do riachtanais fhorleathana na sochaí. Tá fíor-dhúshláin ann, áfach, maidir le cur chuige leanúnach, uile-earnála ar fhorbairt an lucht saothair a cheapadh agus a chur i bhfeidhm.

Tá riarthóirí spóirt an lae inniu ag plé le tírdhreach atá ag éirí níos casta an t-am ar fad. Cuimsíonn a róil ardfheidhmíocht, forbairt spórt, oideachas, rannpháirteachas an phobail, bainistiú imeachtaí, cur chun cinn na sláinte, ionchuimsitheacht, cosaint agus rialachas. Éilíonn na freagrachtaí sin, ní hamháin saineolas ar na hábhair i gceist, ach ceannaireacht, inoiriúnaitheacht agus scileanna idirphearsanta. Ach ní i gcónaí a thugtar aitheantas d'fhéiniúlacht ghairmiúil riarthóirí spóirt agus pearsanra forbartha - laistigh nó lasmuigh den earnáil. Ionas go mbeidh an spórt in Éirinn in ann dul faoi bhláth, ní mór meas ceart a léiriú ar na daoine atá ag obair san earnáil, tacaíocht cheart a thabhairt dóibh agus iad a fhorbairt i gceart.

Mar a leagtar amach i nGníomh 33 den *Bheartas Náisiúnta Spórt 2018–2027* agus i nGníomh 39 den *Phlean Gníomhaíochta Spóirt 2024 - 2027*, tá sé curtha de chúram ar Spórt Éireann tacú le forbairt straitéiseach an lucht saothair ghairmiúil spóirt i CNRanna, i CÁSanna agus i gcomhlachtaí eile arna maoiniú ag Spórt Éireann.

Cuireann an cur chuige straitéiseach seo treochlár ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin agus ar na príomhdheiseanna maidir le pleanáil don lucht saothair, éagsúlacht, gairmiúlú, aitheantas, foghlaim ar feadh an tsaoil agus rannchuidiú idirnáisiúnta. Tá sé ag teacht le tiomantas Spórt Éireann rannpháirtíocht a mhéadú, sármhaitheas a chothú agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach na hearnála a chinntiú.

Tá forbairt na straitéise seo á déanamh i dtimpeallacht atá ag athrú go tapa, agus ina bhfuil an ráta fostaíochta in Éirinn ar cheann de na leibhéil is airde riamh. Déantar an margadh saothair daingean seo níos deacra fós mar gheall ar easnaimh scileanna atá ag dul i méid, brú ar ráta coinneála, agus fás ar an éileamh ar ghairmeacha atá solúbtha agus bunaithe ar chuspóir.

Tá na treochtaí sin le brath go géar ar fud na hearnála, agus caithfidh eagraíochtaí spóirt dul in iomaíocht chun tallann a fháil san iliomad earnálacha príobháideacha, poiblí agus seachbhrabúsacha.




GNÍOMH **33**

Is é Spórt Éireann a stiúrfaidh forbairt na straitéise do lucht saothair na hearnála spóirt lena dtabharfar aghaidh ar earcaíocht, gairmiúlú méadaithe, forbairt, bailíochtú & aitheantas, soláthar don Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (*CPD*), ilghnéitheacht na ceannaireachta ar feadh na hearnála & ionadaíocht Éireannach ar chomh-naidhmeanna idirnáisiúnta spóirt. Tacóimid le hiarrachtaí Spórt Éireann chun straitéis fhadtéarmach a fhorbairt don oideachas, foghlaim & forbairt.

## Lucht Saothair Oiriúnach don Todhchaí

Tá lucht saothair ardoilte atá pleanáilte go straitéiseach riachtanach chun deiseanna spóirt ionchuimsitheacha agus ar ardcháilíocht a chur ar fáil do chách. Aithnítear, sa straitéis seo, na samhlacha éagsúla ó thaobh struchtúr, rialachais agus oibríochta de atá ann ar fud na hearnála - ó CNRanna mórscála go dtí CÁSanna atá neadaithe sna húdaráis áitiúla, chomh maith le heagraíochtaí carthanachta agus comhlachtaí faoi stiúir oibrithe deonacha. Leagtar amach creat sa straitéis chun:

- Pleanáil don lucht saothair a neartú trí uirlisí agus léargais a thabhairt do chomhlachtaí spóirt a thacóidh le struchtúir foirnithe inbhuanaithe.
- Conairí gairme agus gairmiúlú a fheabhsú, tríd an spórt a shuíomh mar ghairm fhadtéarmach inmharthana agus fiúntach.
- Aitheantas a thabhairt don mhéid a dhéanann na daoine a sholáthraíonn an spórt agus a thacaíonn leis i gcáil ghairmiúil.
- Córas struchtúrtha don Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGM) a chruthú a chothóidh cultúr d'fhoghlaim leanúnach agus d'fheabhsú uile-earnála.
- Níos mó éagsúlachta agus ionchuimsitheachta a thabhairt chun cinn ar gach leibhéal, mar léiriú ar thiomantais Spórt Éireann a chinntiú go mbeidh na deiseanna céanna ag gach duine a lánacmhainneacht a bhaint amach, beag beann ar aois, inscne, míchumas, eitneacht, gnéaschlaonadh nó cúlra eacnamaíoch.
- Rannchuidiú idirnáisiúnta na hÉireann a mhéadú trí chabhrú le gairmithe spóirt na scileanna teicniúla agus ceannaireachta a fhorbairt ar scileanna iad a theastaíonn chun dul sa tóir ar róil i gcónaidhmeanna spóirt Eorpacha agus idirnáisiúnta.

## Daoine i gCroílár an Spóirt in Éirinn

Aithníonn Spórt Éireann an tábhacht a bhaineann le folláine lúthchleasaithe, aistrithe gairme agus folláine an lucht saothair. Glacann an straitéis seo cur chuige ina dtugtar tús áite do dhaoine lena chinntiú go léirítear meas ar oibrithe deonacha, go dtugtar tacaíocht dóibh agus go dtugtar na huirlisí dóibh chun go n-éireoidh leo.

Trí infheistiú ina mbaill foirne, is féidir le heagraíochtaí spóirt a chinntiú go mbeidh ár n-earnáil in ann an aimsir a sheasamh, go ndéanfar í a ghairmiúlú agus go mbeidh sí réidh chun freastal ar riachtanais an spóirt in Éirinn a bhíonn ag athrú de shíor. Is léiriú é an straitéis seo ar fhís chomhchoiteann do lucht saothair atá athléimneach, éagsúil agus tiomanta don sármhaitheas.






## Idirnascacht le Beartas & Pleananna Reatha Spórt Éireann

Ní tionscnamh neamhspleách í an straitéis seo; tá sí idirnasctha go domhain le beartais agus pleananna níos leithne Spórt Éireann. Treisíonn forbairt an lucht saothair spóirt réimsí eile oibre, agus treisíonn réimsí eile oibre forbairt an lucht saothair spóirt. Áirítear leis sin conairí struchtúrtha agus/nó conairí gairmiúlaithe do chóitseálaithe agus d'oifigigh theicniúla, chomh maith leis na beartais éagsúla maidir le mná sa spórt a thabhairt chun cinn, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus deiseanna do dhaoine faoi mhíchumas.

Déanann breis agus 250,000 cóitseálaí os cionn milliún uair an chloig d'obair dheonach gach seachtain sa spórt in Éirinn[1], rannchuidiú iontach a éascaíonn rannpháirtíocht agus feidhmíocht i ngach pobal sa tír. Agus aitheantas á thabhairt do scála agus luach an tiomantais seo, leagtar amach toradh straitéiseach i mBeartas Spórt Éireann maidir leis an Obair Dheonach sa Spórt chun *Acmhainní a chur ar fáil do róil ghairmiúla ar fud na hearnála spóirt a bheidh dírithe ar an tacaíocht d'oibrithe deonacha ar a n-aistear'*[2]. Cinntíonn an t-ailíniú seo idir tacaíocht d'oibrithe deonacha agus gairmiúlú an lucht saothair go dtugtar treoir, luach agus cothabháil do na daoine sin a thugann a gcuid ama agus saineolais don spórt trí struchtúir, oiliúint agus aitheantas iomchuí.

Trí na ceangail sin a neartú, cinntíonn an straitéis nach ndéantar forbairt an lucht saothair ar leithligh ach go gcuireann sí le córas spóirt atá níos ionchuimsithí, níos ionadaíche agus níos inbhuanaithe ar gach leibhéal. Cuireann obair Spórt Éireann ar luachanna sa spórt creat aontaithe ar fáil maidir leis an gcaoi a soláthraítear an spórt agus an taithí a mbíonn ag daoine air, ar fud na hearnála. Tugann an straitéis don lucht saothair seo léiriú ar na luachanna sin, agus tá siad mar threoir don straitéis, lena chinntiú go mbunófar iarrachtaí chun an lucht saothair a fhorbairt agus a ghairmiúlú ar chomhleanúnachas, ionracas agus cuspóir comhroinnte.

Mar aitheantas do ról sárluachmhar na mball foirne gairmiúil atá sa chóras faoi láthair, cuirtear béim láidir ar rochtain ar oiliúint, forbairt agus deiseanna fadtéarmacha rannpháirteachais a fheabhsú. Ar an gcaoi chéanna, de réir mar a thagann éabhlóid ar an spórt, caithfidh éabhlóid teacht ar na struchtúir a thacaíonn leis na daoine a oibríonn sa spórt. Tá sé ríthábhachtach a chinntiú go bhfuil na hacmhainní riachtanacha, an t-aitheantas riachtanach agus na deiseanna riachtanacha chun dul chun cinn a dhéanamh ag daoine, chun lucht saothair ardfheidhmíochta a chothabháil. Áirítear leis sin tacú le haistrithe gairme lúthchleasaithe, ón spórt iomaíoch go dtí ceannaireacht, cóitseáil, oifigigh theicniúla agus róil riaracháin eile.

Trí ailíniú le tosaíochtaí a bhí ann cheana féin, cuireann an straitéis seo le todhchaí ina mbeidh an lucht saothair dea-rialaithe, inoiriúnaithe agus feistithe chun freastal ar éilimh athraitheacha an spóirt in Éirinn.

---

1 Déanann breis agus 250,000 cóitseálaí os cionn milliún uair an chloig d'obair dheonach gach seachtain sa spórt in Éirinn | Spórt Éireann

2 Cuireann an tAire Byrne fáilte roimh Bheartas nua Spórt Éireann maidir leis an Obair Dheonach sa Spórt | Spórt Éireann

# 2

# Forléargas ar an Earnáil

Tá athrú ollmhór tagtha ar an lucht saothair sa spórt in Éirinn le blianta anuas.

San fhorléargas seo, fiosraítear príomhghnéithe den lucht saothair reatha, lena n-áirítear comhdhéanamh, láidreachtaí, tosaíochtaí straitéiseacha agus an timpeallacht níos leithne ina n-oibríonn sé. Tugtar miondealú achomair ar chúrsaí foirne i gcomhlachtaí arna maoiniú ag Spórt Éireann, agus tugtar léargas ar na daoine a thacaíonn le soláthar spóirt ar gach leibhéal ar fud na tíre.



## Teacht Chun Cinn & Fás Lucht Saothair an Spóirt in Éirinn

Bhí líon fíorbheag ball foirne gairmiúil ag obair sa spórt in Éirinn go dtí tús na 2000idí. Ní raibh roinnt mhaith CNRanna agus struchtúr eagraíochtúil agus rialachais ach tar éis tosú. Níorbh ann fós do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt.

Bhíothas ag brath go mór ar bhonn oibrithe deonacha, go príomha, chun gach gné den spórt a sholáthar, ó oibríochtaí laethúla go dtí cláir a fhorbairt agus a sholáthar, agus comórtais a chomhordú.

Cé go bhfuil ag éirí leis an tsamhail seo fós tacú le rannpháirtíocht agus rannpháirteachas an phobail, aithníodh go gcuirfeadh a leithéid de chóras leis féin teorainn le baint amach na n-uaillmhianta náisiúnta don spórt.
Bhí an gá le lucht saothair gairmiúil agus oilte ag éirí níos soiléire de réir mar a tháinig fás ar ionchas na sochaí agus ar na héilimh ar an earnáil, ina measc béim níos mó ar chonairí spóirt, folláine an daonra, rialachas, cosaint, agus forbairt straitéiseach níos leithne.

Ba chor cinniúnach é bunú Chomhairle Spóirt na hÉireann (ar a dtugtar Spórt Éireann anois) sa bhliain 1999, lenar tugadh isteach cur chuige níos struchtúrtha ar fhorbairt an spóirt. Le méadú ar an infheistíocht ón Stát, bhíothas in ann oifigigh forbartha agus riarthóirí ar phá a cheapadh sna Coistí Náisiúnta Rialaithe (CNRanna). Ag an am céanna, chuir Comhairle Spóirt na hÉireann tús le cruthú an líonra CÁSanna agus rinne maoirseacht ar earcú chohórt náisiúnta Comhordaitheoirí CÁSanna.

Tar éis na ndúshlán eacnamaíoch ón gcor chun donais eacnamaíochta a thosaigh in 2008, ba léiriú ar fhís athnuaite don spórt in Éirinn a bhí i bhfoilsiú an *Bheartais Náisiúnta Spórt, 2018-2027*. Bhí leibhéil infheistíochta ón Rialtas agus forbairt straitéiseach nach bhfacthas riamh cheana ar bun ag an am céanna.

Mar thoradh air sin, tá athrú ó bhonn tagtha ar an spórt in Éirinn, lena n-áirítear lucht saothair gairmiúil, struchtúrtha, inbhuanaithe atá ag fás.

Ó 2025 ar aghaidh, is earnáil dhinimiciúil agus athraitheach í an earnáil spóirt in Éirinn, atá comhdhéanta de ghairmithe ar phá agus oibrithe deonacha a oibríonn i raon leathan eagraíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó infheistíocht Spórt Éireann.

> Curtha le chéile, bíonn caidreamh ag na heagraíochtaí sin le breis agus **2 mhilliún ball** trí líonra de níos mó ná **10,000 club pobail**.

Ó thaobh na fostaíochta de, fostaíonn comhlachtaí arna maoiniú ag Spórt Éireann os cionn 2,000 duine in oibríochtaí riaracháin, cóitseáil spóirt, forbairt pobail, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht, rialachas agus spórt ardfheidhmíochta.

Tá fás mór tagtha ar roinnt mhaith de na comhlachtaí sin, agus bíonn láimhdeachas airgeadais roinnt milliún euro acu. Mar gheall ar an bhfás méadaithe, ba ghá post an phríomhfheidhmeannaigh agus poist cheannaireachta sinsearaí a chruthú, chomh maith le baill foirne gairmiúla in airgeadas, rialachas agus oibríochtaí. Chuir an gairmiúlú sin ar chumas eagraíochtaí castacht mhéadaitheach a bhainistiú, cláir ar ardcháilíocht a sholáthar agus tacaíocht straitéiseach a thabhairt do lúthchleasaithe, oibrithe deonacha agus clubanna pobail ar fud na hÉireann.

Cé go bhfeidhmíonn roinnt mhaith de na CNRanna le baill foirne ghairmiúla thiomnaithe, tá líon suntasach eagraíochtaí beaga agus meánmhéide fós ag brath ar shamhail hibride d'fhostaithe ar phá agus oibrithe deonacha chun feidhmeanna lárnacha agus oibríochtaí laethúla a fheidhmiú. Tá 22 CNR a aithníonn Spórt Éireann ag feidhmiú faoi láthair gan aon bhaill foirne ghairmiúla pháirt-aimseartha nó lánaimseartha acu.

Tá ról lárnach ag CÁSanna, a bhíonn neadaithe in údaráis áitiúla go minic, chun cláir a dhíríonn ar rannpháirtíocht a sholáthar. Úsáideann siad meascán d'oifigigh forbartha, comhordaitheoirí agus baill foirne riaracháin chun tionscnaimh a chur i bhfeidhm ar leibhéal an phobail. Anuas ar an lucht saothair ar phá, tá líonra fairsing oibrithe deonacha, teagascóirí agus oibrithe ócáideacha páirt-aimseartha mar bhonn agus taca leis an earnáil, agus iad ag cur go mór le spórt pobail agus le gníomhachtú pobail. Tá an bonn láidir oibrithe deonacha sin ríthábhachtach fós chun spórt a sholáthar ar fud na hÉireann.




## Comhdhéanamh Reatha


Tá raon leathan daoine i lucht saothair san earnáil spóirt, as cúlraí gairmiúla sna réimsí acadúla, lúthchleasacha, deonacha agus neamh-spóirt. Léiríonn an meascán sin láidreachtaí na hearnála agus na cleachtais earcaíochta a bhfuil athrú ag teacht orthu.

- Tá céimithe ó chláir spórt tríú leibhéal earcaithe ag os cionn 80% de fhreagróirí ó eagraíochtaí, rud a léiríonn go mbítear ag brath go leanúnach ar chonairí acadúla foirmiúla chun saineolas a fhorbairt san earnáil.
- Fostaíonn 65% de fhreagróirí ó eagraíochtaí baill foirne a tháinig trí chonairí spóirt díreacha (ina measc iar-lúthchleasaithe, cóitseálaithe agus oibrithe deonacha), rud a léiríonn cumas na hearnála tallann a choinneáil agus a athlonnadh laistigh den earnáil. Tá fostaithe earcaithe ag 46% eile ón éiceachóras spóirt níos leithne, rud a léiríonn solúbthacht agus idirnascacht na ról i bhfearainn ghaolmhara.
- Thuairiscigh beagnach leath de na heagraíochtaí gur earcaigh siad daoine ó thionscail nach mbaineann leis an spórt, go háirithe chuig seirbhísí corparáideacha, riarachán agus róil cheannaireachta. Léiríonn sé sin deis chun leas a bhaint as saineolas seachtrach chun rialachas, oibríochtaí gnó agus acmhainn ghairmiúil a neartú laistigh den spórt. Beidh mar bhuntáiste breise aige freisin tuairimí neamhspleácha, neamhchlaonta agus éagsúla a thabhairt isteach ó lasmuigh den earnáil spóirt.
- Lorg tuairim is 12% de na heagraíochtaí iarrthóirí ó thar lear go gníomhach, i gcomhlachtaí ardfheidhmíochta agus i gcomhlachtaí a dhíríonn ar na Cluichí Oilimpeacha, go príomha, rud a léiríonn cineál domhanda an spóirt den scoth agus an dúshlán a bhaineann le saineolas nideoige a fháil sa bhaile.
- Laistigh de na CÁSanna, d'aistrigh líon beag ball foirne ó réimsí eile den údarás áitiúil, rud a léiríonn deiseanna teoranta ach suntasacha le haghaidh soghluaisteacht trasearnála i struchtúir na seirbhísí poiblí.


Curtha le chéile, taispeánann na patrúin sin lucht saothair atá leabaithe sa spórt agus a bhfuil níos mó agus níos mó tionchair ag scileanna gairmiúla seachtracha orthu. Cuireann an meascán seo deiseanna ar fáil chun cur le cumas na hearnála, agus tugann sé léiriú freisin ar dhúshláin fhéideartha maidir le comhtháthú, coinneáil agus an chothromaíocht idir eolas a bhaineann go sonrach le spórt agus saineolas inaistrithe.

## Miondealú ar Bhaill Foirne atá Fostaithe go Díreach i gComhlachtaí arna Maoiniú ag Spórt Éireann


### An líon ball foirne i gComhlachtaí arna Maoiniú ag Spórt Éireann




### Coistí Náisiúnta Rialaithe Spóirt




### Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt




### Comhlachtaí Ionadaíocha/ Comhlachtaí Maoinithe Eile




* Faisnéis bunaithe ar iarratais ar chroímhaoiniú 2025 agus ar thuairiscithe foirmiúla eile a rinne comhlachtaí maoinithe.

## Láidreachtaí na hEarnála

Faigheann an earnáil spóirt in Éirinn tacaíocht ó lucht saothair gairmiúil atá dinimiciúil agus tiomanta agus a bhfuil ról ríthábhachtach aige i rannpháirtíocht agus feidhmíocht a thabhairt chun cinn agus i dtorthaí dearfacha a bhaint amach do phobail ar fud na tíre. Ina theannta sin, oibríonn 22 CNR a aithníonn Spórt Éireann ar bhonn go hiomlán deonach, agus daoine ag deonú a gcuid ama agus acmhainní pearsanta d'fhorbairt agus soláthar a spóirt roghnaithe.

**Saineolas Domhain ar Fud Disciplíní:** Faigheann an earnáil tacaíocht ó líon gairmithe atá ag dul i méid i ndisciplíní na cóitseála, na forbartha, an riaracháin agus an spóirt ardfheidhmíochta. Tugann na daoine sin saineolas domhain, cáilíochtaí foirmiúla agus tiomantas láidir don fhorbairt ar lúthchleasaithe agus ar phobail.

**Dúthracht agus Paisean:** Tá clú agus cáil ar ghairmithe spóirt in Éirinn as a ndúthracht agus iad ag déanamh i bhfad níos mó ná mar is gá ina róil chun tacú le clubanna, lúthchleasaithe agus pobail.

**Sochair nach Luach Saothair iad:** Is iomaí sochar a bhaineann le bheith ag obair san earnáil, mar shampla rannchuidiú le sláinte agus folláine dhaonra na hÉireann, feabhas a chur ar chomhtháthú sóisialta, bheith mar chuid d'ócáidí móra spóirt agus freastal orthu, agus mórtas náisiúnta a chothú.

**Cultúr Comhoibríoch agus Oiriúnaitheach:** Tá clú agus cáil ar an lucht saothair as a inoiriúnaitheacht agus as a chur chuige comhoibríoch. Is minic a oibríonn daoine le chéile chun freagairt do riachtanais agus tosaíochtaí sóisialta a bhíonn ag athrú go tapa.

**Tiomantas d'Fheabhsú Leanúnach:** Léiríonn earnáil an spóirt in Éirinn tiomantas láidir d'fheabhsú agus do shármhaitheas leanúnach. Is léir sin sa chaoi a ndíríonn an straitéis ar chleachtais a fheabhsú, ar chórais a neartú agus ar iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh caighdeáin a ardú i ngach réimse den spórt.

**Líonra Oibrithe Deonacha:**Tá líonra fairsing oibrithe deonacha ann atá neadaithe go domhain agus a chabhraíonn leis an lucht saothair gairmiúil. Tugann líon chomh hard le 500,000 oibrí deonach a gcuid ama, fuinnimh agus saineolais don spórt gach seachtain. Cinntíonn iarrachtaí na ngairmithe agus na n-oibrithe deonacha araon go bhfuil an spórt in Éirinn neadaithe go domhain i bpobail áitiúla i gcónaí. Leis an gcur chuige sin um thús áite don phobal, cuirtear le rannpháirtíocht, cothaítear muintearas agus cinntítear go bhfreagraíonn an spórt do riachtanais agus luachanna áitiúla.

**Rannchuidiú Idirnáisiúnta:**Tá róil lena mbaineann tionchar ag roinnt mhaith gairmithe Éireannacha i gcónaidhmeanna idirnáisiúnta, agus rannchuidíonn siad le beartas agus cleachtas an spóirt ar bhonn domhanda. Léiríonn an láithreacht idirnáisiúnta sin mianach riarthóirí na hÉireann agus cuireann sí feabhas ar chlú agus cáil na hÉireann ar an ardán domhanda.

## Fócas & Réimsí Tionchair na Straitéise

Díríonn an straitéis seo ar eagraíochtaí a fhaigheann maoiniú go díreach ó Spórt Éireann. Tugann an cur chuige saindírithe sin deis do Spórt Éireann a iarrachtaí a ghéarú agus acmhainní a dhíriú ar eagraíochtaí atá laistigh dá thionchar agus atá ag feidhmiú laistigh de struchtúir seanbhunaithe, inbhuanaithe agus dea-rialaithe, rudaí a chinntíonn go bhfuil idirghabhálacha éifeachtach agus iomchuí.

Is é an príomhról atá ag Spórt Éireann ná treoir straitéiseach, acmhainní saindírithe agus tacaíocht ardleibhéal a thairiscint, rudaí a chuireann ar chumas eagraíochtaí lucht saothair athléimneach, gairmiúil agus inbhuanaithe a fhorbairt. Cabhraíonn na hiarrachtaí sin leo soláthar a dhéanamh dá bpobail, eispéiris na n-oibrithe deonacha a fheabhsú agus cur i bhfeidhm éifeachtach bheartas spóirt an rialtais a thabhairt chun cinn.

Cé go bhfuil ról ag Spórt Éireann i mbaill foirne gairmiúla a fhorbairt laistigh de chomhlachtaí maoinithe, is tábhachtach aitheantas a thabhairt do na tosca comhthéacsúla seo a leanas a mbíonn tionchar acu ar fhorbairt an lucht saothair ar fud na hearnála:

### Neamhspleáchas & Éagsúlacht Eagraíochtúil

- Aithníonn Spórt Éireann go bhfeidhmíonn comhlachtaí maoinithe mar eagraíochtaí neamhspleácha agus féinrialaitheacha, agus go mbíonn struchtúir uathúla, acmhainní uathúla agus riachtanais uathúla maidir le lucht saothair ag gach ceann díobh.
- Caithfidh forbairt an lucht saothair ar feadh na hearnála seo an éagsúlacht sin a léiriú agus aitheantas a thabhairt do na hinniúlachtaí éagsúla atá ag CNRanna, CÁSanna agus eintitis mhaoinithe eile.
- Tá ról mór ag cúinsí mar shampla méid agus scála na n-eagraíochtaí, agus na samhlacha dlíthiúla agus rialachais atá acu, maidir le straitéisí don lucht saothair a leagan amach.

### Socruithe Acmhainní Daonna i gComhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt

- I gcomhréir le cleachtais sheanbhunaithe, leanfaidh údaráis áitiúla ag bainistiú nithe a bhaineann le hacmhainní daonna le haghaidh CÁSanna atá bunaithe in údaráis áitiúla. Déanfaidh Spórt Éireann comhoibriú gníomhach leis na húdaráis sin chun tacú le pleanáil do lucht saothair na CÁS, chomh maith le pearsanra spóirt maoinithe a earcú agus a fhorbairt.

### Solúbthacht Airgeadais

- Tugann an cumas leibhéil ioncaim féinghinte a mhéadú saoirse agus solúbthacht shuntasach d'eagraíochtaí chun baill foirne a earcú agus a choinneáil.



## An Timpeallacht Spóirt Níos Leithne

Fuarthas i dtuarascáil a rinne Spórt Éireann in 2021 Luach an Spóirt go raibh os cionn 64,000[3] duine fostaithe san earnáil níos leithne a bhaineann leis an spórt. Bhí tuairim is aon trian de na róil sin san in earnáil an spóirt phobail, ina measc cóitsélaithe, riarthóirí clubanna, agus oifigigh forbartha ag obair ar leibhéal an phobail. Léiríonn sé sin ról láidir an spóirt i rannpháirteachas áitiúil agus i gcomhordú oibrithe deonacha.


Is san earnáil tráchtála a bhaineann le spórt a bhí beagnach aon ceathrú de na poist, ina measc miondíol agus déantúsaíocht, giomnáisiamaí agus gairmithe aclaíochta, agus na meáin spóirt. Bhí sciar suntasach eile bunaithe san earnáil tráchtála nach mbaineann le spórt, mar shampla foirgníocht, agus seirbhísí dlí, airgeadais agus TF arna gcoimisiúnú ag eagraíochtaí spóirt ach nach bhfuil táirge a bhaineann go sonrach le spórt i gceist leo, chomh maith le hurraíocht.

Ar deireadh, bhí díreach os cionn aon chúigiú den fhostaíocht san earnáil phoiblí, agus na róil in údaráis áitiúla, oideachas agus gníomhaireachtaí náisiúnta, mar shampla Spórt Éireann. Tacaíonn na poist sin le beartas, pleanáil agus spórt a sholáthar ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach.

B'ionann na róil sin agus 2.8% den fhostaíocht iomlán in Éirinn in 2018, ardú ó 2.1% in 2008. Léiriú é sin ar an tábhacht eacnamaíoch agus shóisialta atá ag an spórt agus atá ag dul i méid i ngeilleagar na hÉireann atá ag leathnú.

Agus fás ag teacht ar an ngeilleagar agus ar an earnáil spóirt, tá gá níos mó le pleanáil struchtúrtha don lucht saothair, conairí um dhul chun cinn gairme, agus daoine a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe chun rath fadtéarmach a chinntiú.

**Fostaíocht a bhaineann le Spórt in Éirinn (2018)**






3 Luach an Spóirt | Spórt Éireann

## An Margadh Saothair Baile & an Timpeallacht Idirnáisiúnta

Tá forbairt na straitéise seo á déanamh i gcomhthéacs baile agus idirnáisiúnta atá ag athrú go tapa. Mar is amhlaidh i gcás gach earnála, leanfaidh an timpeallacht níos leithne ina bhfuil cúrsaí eacnamaíocha agus luchta saothair de thionchar a imirt ar an spórt, agus beidh éifeacht ag na fórsaí níos leithne sin ar chumas na hearnála spóirt tallann a mhealladh, a earcú agus a choinneáil. Léiríonn tuarascálacha ón POS, ón An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta agus ón ECFE na príomhphointí seo a leanas:

### An Margadh Saothair Baile

- Lean an fás bliain i ndiaidh bliana ar fhostaíocht in Éirinn i rith R3 2025 nuair a bhí os cionn 2.82 milliún duine fostaithe[4], cé go raibh an ráta bliantúil ardaithe níos ísle, i gcomparáid le ráithí roimhe sin.
- D'ainneoin deacrachtaí domhanda, tá ceann de na rátaí dífhostaíochta is ísle san Aontas Eorpach (AE) ag Éirinn (circa 5%), rud a thugann le tuiscint go bhfuil lánfhostaíocht ann, go héifeachtach[5].
- Tháinig fás ar fhostaíocht go forleathan, agus ardú beag ar fhostaíocht taobh amuigh den phríomhchathair, Baile Átha Cliath[6].

### Trádáil Domhanda & Éiginnteacht Geopholaitiúil

- Mar gheall ar athruithe ar an mbeartas trádála domhanda le déanaí, go háirithe i dtreo na neamhthuilleamaíochta eacnamaíche agus tabhairt isteach taraifí, cruthaíodh éiginnteacht éigin do roinnt mhaith geilleagar a dhíríonn ar easpórtáil, mar shampla Éire.
- Tá maolú déanta ar réamh-mheastacháin maidir le fás eacnamaíoch domhanda mar gheall ar éiginnteachtaí leanúnacha geopholaitiúla agus margaidh, rud a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar gheilleagar agus margadh saothair na hÉireann.
- D'fhéadfadh luaineacht i sruthanna brabúis ilnáisiúnta agus an beartas cánach domhanda atá ag athrú tionchar a imirt ar inbhuanaitheacht na hinfheistíochta poiblí.

### Riachtanais Scileanna Amach Anseo

- Tá ganntanas scileanna fós ann, agus ag dul in olcas mar gheall ar bhrú déimeagrafach agus srianta bonneagair.
- Mar gheall ar threochtaí sa digitiú domhanda agus san aistriú glas, tá méadú ag teacht ar an éileamh ar scileanna sna réimsí seo:
  - Intleacht shaorga, cibearshlándáil, agus anailísíocht sonraí
  - Teicneolaíocht ghlas agus inbhuanaitheacht
- Caithfidh Éire uasoiliúint a chur ar a lucht saothair le fanacht iomaíoch agus athléimneach in aghaidh suaití seachtracha.
- Beidh tábhacht leis an gcumas a bheith nuálach chun dul i ngleic le hathruithe, dul chun cinn a spreagadh agus luach a chruthú i dtimpeallacht theicneolaíoch agus chomhshaoil atá ag athrú go tapa.

### Leochaileachtaí Struchtúracha

- D'fhéadfadh srianta saothair agus ganntanas tithíochta teorainn a chur le cumas na hÉireann glacadh le hoibrithe agus infheistíocht nua.
- D'fhéadfadh fás ar an daonra agus imirce isteach cur leis na fadhbanna sin, rud a d'fhágfadh go mbeadh gá le hinfheistíocht bhreise i dtithíocht, iompar agus cúram leanaí.

---

4 Cuireann an Tánaiste agus an tAire Burke fáilte roimh na figiúirí is déanaí a léiríonn tuilleadh fáis ar fhostaíocht sa tríú ráithe de 2025
5 Cuireann an tAire Burke fáilte roimh an mbliain ab fhearr riamh do mhargadh saothair na hÉireann - An Roinn Fiontar, Turasóireachta & Fostaíochta
6 Cuireann an Tánaiste agus an tAire Burke fáilte roimh na figiúirí is déanaí a léiríonn tuilleadh fáis ar an bhfostaíocht sa tríú ráithe de 2025

# 3

# Próiseas Comhairliúcháin & Forbartha na Straitéise

Spórt Éireann, i gcomhairle leis an earnáil spórt, a d'ullmhaigh an straitéis seo don lucht saothair. Rinne grúpa stiúrtha inmheánach ó Spórt Éireann, le cúnamh ó shainchomhairleoir neamhspleách, maoirseacht ar fhorbairt na straitéise. Bhí meascán de mhodhanna cáilíochtúla agus cainníochtúla i gceist leis an bpróiseas comhairliúcháin, a ceapadh chun anailís shaibhir agus domhain a dhéanamh ar riachtanais na hearnála gairmiúla i dtaobh forbairt an lucht saothair.

Forbraíodh an straitéis in dhá chéim.



Áiríodh ar na príomhchodanna de **chéim a haon**:

- Athbhreithniú ar gach doiciméad ábhartha maidir le beartais agus straitéisí náisiúnta spórt.
- Athbhreithniú ar an litríocht idirnáisiúnta faoi fhorbairt an lucht saothair, ag díriú go sonrach ar an obair a rinne Spórt Shasana, Spórt na Nua-Shéalainne, Coiste Oilimpeach Náisiúnta agus Cónaidhm Spórt na Danmhairge agus an European Observatoire of Sport and Employment (EOSE).
- Suirbhé mionsonraithe a eisiúint ar pháirtithe leasmhara ábhartha, ina measc ionadaithe ar CNRanna, CÁSanna agus comhlachtaí maoinithe eile.
- Athbhreithniú ar raon leathan tuarascálacha faoi chúrsaí eacnamaíochta, lucht saothair, scileanna agus eagraíochtaí seachbhrabúsacha.

**Bhain céim a dó** le hanailís ar na 57 eagraíocht a d'fhreagair an suirbhé agus le hagallamh níos mionsonraithe a dhéanamh le daoine aonair agus le fócasghrúpaí de phríomhpháirtithe leasmhara, ina measc:

- An Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt
- Foireann Ardbhainistíochta agus baill foirne Spórt Éireann
- Ionadaithe seachtracha ar an nGrúpa Oibre um Míchumas sa Spórt
- Ionadaithe seachtracha ar Ghrúpa Comhairleach Spórt Éireann um Éagsúlacht & Ionchuimsitheacht
- An Cheannaireacht Shinsearach agus ceannairí Acmhainní Daonna i CNRanna
- Comhordaitheoirí CÁSanna
- Cónaidhm Spóirt na hÉireann
- Ceannairí um fhorbairt an lucht saothair i Spórt Thuaisceart Éireann, Spórt Shasana agus Spórt na Nua-Shéalainne
- Rapóirtéir Speisialta na Roinne Leanaí, Míchumais agus Comhionannais don Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta in Aghaidh an Chiníochais
- Earnáil an oideachais tríú leibhéal

6 cruinniú den ghrúpa oibriú um fhorbairt straitéise

Athbhreithniú déanta ar 28 príomhdhoiciméad chun anailís a dhéanamh ar théamaí seachtracha agus ar bhearnaí

Anailís ar an suirbhé mionsonraithe scaipthe ar chomhlachtaí arna maoiniú ag Spórt Éireann

5 fócasghrúpa faoi earnáil an spóirt le CNRanna, CÁSanna agus comhlachtaí maoinithe

Caidreamh le ceannairí forbartha an lucht saothair i Spórt Thuaisceart Éireann, Spórt Shasana agus Spórt na Nua-Shéalainne


20 agallamh aonair le páirtithe leasmhara agus gníomhaireachtaí inmheánacha agus seachtracha

# 4

# Príomhléargais & Fírinní an Lucht Saothair

Tar éis an phróisis fhairsing comhairliúcháin agus forbartha a leagadh amach thuas, in éineacht le caidreamh fadbhunaithe Spórt Éireann le hearnáil an spóirt, tháinig roinnt príomhléargas chun cinn. Léiríonn na léargais sin fírinní oibríochtúla an lucht saothair san earnáil spóirt agus sainaithníonn siad réimsí sonraithe ina bhféadfaidh tacaíocht saindírithe acmhainneacht a fhorbairt, aghaidh a thabhairt ar dhúshláin reatha agus tacú le fás amach anseo.

Ullmhaíodh an straitéis chun freagairt go díreach do riachtanais na hearnála agus chun ailíniú le tosaíochtaí atá ag athrú.



## Réimse Léargais a hAon: An Margadh Saothair Baile

**Fostaíocht Ard:** Mar aon le roinnt mhaith gnóthaí in Éirinn, tá éifeacht ag an margadh saothair daingean atá ann faoi láthair ar eagraíochtaí spóirt. Déantar na dúshláin sin níos measa fós le brúnna coinneála atá ag méadú agus costais oibriúcháin ghinearálta atá ag ardú.

**An Dlí Fostaíochta & Cóireáil Cánach:** I bhfianaise spleáchas na hearnála ar shocruithe de chineál conraitheora chun príomhchláir spóirt agus seirbhísí gaolmhara a sholáthar, baineann nochtadh féideartha agus riosca neamhchainníochtaithe leis an earnáil spóirt ag eascairt as timpeallacht an dlí fostaíochta agus cánach atá ag athrú.

## Réimse Léargais a Dó: Infheistíocht & Acmhainní

**Maoiniú Poiblí:** Ós rud é go ndéantar infheistíocht phoiblí ar bhonn bliantúil, is féidir leis sin teorainn a chur le cumas eagraíochtaí cur chuige straitéiseach a ghlacadh i leith pleanáil don lucht saothair agus forbairt an lucht saothair.

**Éagsúlacht Ioncaim:** Bíonn níos mó saoirse agus solúbthachta i leith baill foirne a earcú agus a choinneáil ag eagraíochtaí atá in ann sruthanna ioncaim éagsúla a ghiniúint.

## Réimse Léargais a Trí: Pleanáil don Lucht Saothair & Próisis Acmhainní Daonna

**Pleanáil Foirmiúil don Lucht Saothair:** Cé go ndéanann eagraíochtaí roinnt dea-phleanála oibriúcháin, níl pleananna foirmiúla, fadtéarmacha don lucht saothair ag líon ard comhlachtaí maoinithe.

**An Fheidhm AD a Fhorbairt:** Go ginearálta, is gá forbairt a dhéanamh ar an fheidhm agus ar na hacmhainní AD i bhformhór na CNRanna. Os a choinne sin, tá rochtain ag CÁSanna in údaráis áitiúla ar acmhainní agus próisis sheanbhunaithe AD.

**Dúbailt Iarrachtaí:** D'fhéadfadh dúbailtí iarrachtaí, seirbhísí agus tascanna a bheith ann i CNRanna beaga, go háirithe sna réimsí riaracháin, TF, airgeadais agus feidhmeanna bainistíochta.

**Tacaíocht Chomhréireach:** Bíonn tacaíochtaí éagsúla de dhíth bunaithe ar mhéid nó céim forbartha an chomhlachta spóirt. D'fhéadfadh deacrachtaí forbartha a bheith ag eagraíochtaí meánmhéide de réir mar a fhásann siad agus a mhéadaíonn siad, mar shampla beartas a chur i bhfeidhm i réimsí éagsúla (e.g. RGCS, beartas maidir le hinscne, iniúchadh agus airgeadas). Bíonn riarachán agus próisis oibriúcháin ó lá go lá mar dhúshláin ag eagraíochtaí beaga a bhfuil níos lú fostaithe agus láimhdeachas íseal acu. Níl an cumas acu cláir mhórscála a reáchtáil chun leibhéil rannpháirtíochta a mhéadú ach oiread.

**Samhail Ghnó a Athrú:** Níl aon chlár forbartha foirmiúil ann faoi láthair chun cabhrú le heagraíochtaí aistriú ó bheith bunaithe go hiomlán ar oibrithe deonacha go dtí bheith ina n-eagraíochtaí le baill foirne gairmiúla.

## Réimse Léargais a Ceathair: Earcaíocht, Coinneáil & Aitheantas

**Dúshláin maidir le Baill Foirne a Choinneáil:** Is féidir le baill foirne a choinneáil a bheith dúshlánach do CNRanna agus do CÁSanna, go háirithe de bharr arduithe ar an gcostas maireachtála. D'fhéadfadh baill foirne fágáil chun glacadh le róil níos seasmhaí in eagraíochtaí spóirt eile nó in eagraíochtaí sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha, áiteanna a measann siad go bhfuil deiseanna agus coinníollacha gairme níos mealltaí.

**Pá & Coinníollacha:** Bíonn dúshlán ag baint le hearcaíocht agus coinneáil mar gheall ar na coinníollacha a meastar a bheith ann in eagraíochtaí in earnáil an spóirt, go háirithe maidir le huaireanta oibre, rátaí pá agus deiseanna forbartha gairme.

**Tacaíochtaí Máithreachais/Atharthachta/Tuismitheora:** Níl cur chuige comhsheasmhach ann i measc eagraíochtaí spóirt, CNRanna ach go háirithe, i leith tacaíochtaí máithreachais/atharthachta/tuismitheora a chur ar fáil. D'fhéadfadh baill foirne fágáil (mná, ach go háirithe), nó bheith ag obair sa spórt a sheachaint, chun glacadh le róil níos seasmhaí sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha, áiteanna a measann siad go bhfuil deiseanna agus coinníollacha gairme níos mealltaí.

**Ceannaireacht do Mhná:** Cé go bhfuil cothromaíocht i gceist leis an ionadaíocht ar na hinscní sa lucht saothair foriomlán i gcomhlachtaí arna maoiniú ag Spórt Éireann, den chuid is mó, tá gannionadaíocht shuntasach ar mhná i bpoist chinnteoireachta agus cheannaireachta go fóill. Tá an patrún sin i gcomhréir le torthaí ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE), a shainaithin neamhionannas inscne leanúnach i bpoist cheannaireachta i mórchuideachtaí Eorpacha, go háirithe i bpoist a bhfuil údarás suntasach agus tionchar straitéiseach ag baint leo.

**Spleáchas ar Mhaoiniú Poiblí:** D'fhéadfadh eagraíochtaí beaga agus meánmhéide a bheith ag brath níos mó ar mhaoiniú poiblí chun tacú le croíchostais, agus is minic nach mbíonn siad in ann arduithe pá struchtúrtha nó sochair bhreise a chur ar fáil.

**Tacaíocht le Bainistiú Tallainne:** Shainaithin eagraíochtaí go raibh méadú ag teacht ar an ngá le tacaíocht i réimsí mar shampla cuardach, mionscagadh agus ionduchtú tallainne agus lánpháirtiú fostaithe nua.

**Conairí Soiléire a Bhunú:** Ní bhíonn conairí agus bealaí forchéimnithe trí chomhlachtaí spóirt sainmhínithe go soiléir i gcónaí.

**Ag Tacú le hAistriú Céimithe & Gairmeacha sa Spórt a Chur Chun Cinn:** Níl aon chlár láraithe ann faoi láthair chun tacú le céimithe as disciplíní a bhaineann agus nach mbaineann le spórt aistriú chuig an lucht saothair spóirt. Rinneadh roinnt mhaith den obair atá déanta go dtí seo ar leibhéal áitiúil agus ar bhonn ad hoc. Ar an gcaoi chéanna, níl aon chlár comhordaithe ann chun tuiscint dhearfach ar ghairm sa spórt a chur chun cinn.

**Cláir Aistrithe:** Is minic a bhíonn scileanna, taithí agus líonraí ag lúthchleasaithe, cóitseálaithe agus oibrithe deonacha a d'fhéadfaí iad a aistriú ina róil ghairmiúla, riaracháin nó cheannaireachta sa earnáil spóirt. Is léiriú é sin ar dheis chun acmhainneacht agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach a fheabhsú trí leanúint de leas a bhaint as na haistrithe sin.

**Earcú ó Chúlraí nach mbaineann le Spórt:** Tá eagraíochtaí san earnáil spóirt ag earcú tallainne ó réimsí nach réimsí spóirt go traidisiúnta iad. Tá scileanna nua á dtabhairt isteach leis an treocht sin, agus cumais eagrúcháin á leathnú i réimsí mar shampla airgeadas, AD, margaíocht agus forbairt ghnó.

**Ómós don Lucht Saothair:** Léiríonn aiseolas ó pháirtithe leasmhara go bhfuil méadú ag teacht ar an ngá le haitheantas agus ómós a thabhairt don lucht saothair gairmiúil. Tá an tábhacht a bhaineann le folláine na mball foirne agus le timpeallacht dhearfach ag an obair á lua níos mó agus níos mó mar rudaí atá riachtanach chun ardleibhéil ghníomhaíochta spóirt agus coinneáil an lucht saothair a chothabháil.

**Aitheantas Gairmiúil don Bhainistiú Spórt:** De réir mar a thagann fás leanúnach ar an earnáil spóirt laistigh de gheilleagar atá ag fás, is tábhachtach cur leis an aitheantas a thugtar don bhainistiú spórt mar chonair ghairme.

**Comhtháthú an Lucht Saothair:** Tá sé riachtanach caidrimh láidre agus mheasúla a chothú idir baill foirne gairmiúla agus oibrithe deonacha chun lucht saothair comhtháite agus éifeachtach a bhaint amach agus neartaíonn sé sin soláthar an spóirt tríd is tríd. Cabhraíonn comhoibriú agus ómós frithpháirteach lena chinntiú go léirítear meas ar ghairmithe agus ar oibrithe deonacha araon agus go bhfuil siad ag obair i dtreo spriocanna comhroinnte.

## Réimse Léargais a Cúig: Léargais & Sonraí

**Taighde & Sonraí Teoranta:** Tá easpa shoiléir taighde agus sonraí mionsonraithe ar an lucht saothair spóirt in Éirinn. Tá an easpa faisnéise láraithe faoi phá, sochair, rannpháirteachas foirne, déimeagrafaic agus gluaiseacht foirne ag cur bac ar chumas na hearnála dinimic an lucht saothair a thuiscint, riachtanais don todhchaí a thuar, coinneáil a fheabhsú, agus luach saothair iomaíoch a thairiscint.

## Réimse Léargais a Sé: Gairmiúlú, Forbairt Scileanna & Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

**Anailís ar Scileanna & Riachtanais:** Bíonn riachtanais oideachais, foghlama agus forbartha éagsúla ag CNRanna agus CÁSanna, ag brath ar mhéid, scála agus aibíocht na heagraíochta. Ní cleachtas coiteann é faoi láthair úsáid a bhaint as uirlisí sonracha, mar shampla maitrísí scileanna nó anailís ar riachtanais maidir le foghlaim fhoirmiúil a bheadh saincheaptha d'eagraíochtaí ar mhéideanna agus scálaí éagsúla.

**Forbairt Ghairmiúil Leanúnach:** Cuireann formhór na gcomhlachtaí a ndearnadh suirbhé orthu deiseanna forbartha ar fáil dá mbaill foirne, agus is sochar thábhachtach don lucht saothair é sin. Déanann roinnt mhaith de na heagraíochtaí sin na tacaíochtaí sin a tharraingt anuas le hoideachas, oiliúint agus cláir FGL a chuireann Spórt Éireann ar fáil.

**Bacainní ar Rannpháirteachas:** Cé gur thoisc é costas, ba iad am teoranta agus easpa deiseanna foghlama atá solúbtha agus inrochtana na bacainní ba mhó ar rannpháirteachas na mball foirne i gcláir FGL.

**Córas Bainistithe Foghlama Láraithe (CBF):** Gan chóras bainistithe foghlama láidir agus bonneagar digiteach a bheith acu, bíonn dúshláin mhóra roimh eagraíochtaí i dtaobh oiliúint sholúbtha, chumaisc agus inscálaithe a sholáthar. Ní hamháin go gcuireann an bhearna sin teorainn le formáidí éagsúla foghlama, cuireann sí bac ar an gcumas dul chun cinn na bhfoghlaimeoirí a rianú agus meastóireacht a dhéanamh ar iarrachtaí forbartha.

**Scileanna Ceannaireachta a Fhorbairt:** Tá ról an cheannaire shinsearaigh (i.e. POF/POO/Comhordaitheoir/ Bainisteoir Ginearálta) ríthábhachtach chun claochlú agus athrú a thabhairt chun cinn in eagraíochtaí san earnáil. I dtimpeallacht a bhíonn ag athrú an t-am ar fad, tá sé riachtanach go bhfuil na scileanna ag na daoine sin chun raon leathan réimsí feidhme a bhainistiú.

**An Claonadh atá ag ann Spórt bheith ag Athrú:** Tá athrú ag teacht ar thodhchaí an spóirt agus ar a bhfuil i gceist le bheith ag obair san earnáil spóirt. Cé go bhfuil cleachtas nuálach ag tarlú anseo is ansiúd sa spórt, tá gá le córasaí.

**Inniúlachtaí Riachtanacha:** Tá gá le scileanna sonracha chun tacú le heagraíochtaí na hacmhainní a ghiniúint chun a straitéisí a bhaint amach. Tá sé ag éirí níos tábhachtaí d'eagraíochtaí san earnáil inniúlachtaí mar shampla urraíocht, margaíocht agus tráchtálú a fhorbairt.

**Príomhscileanna atá ag Teacht Chun Cinn:** Sainaithnítear nuálaíocht, intleacht shaorga (IS), claochlú digiteach, agus cleachtais ghlasa agus inbhuanaitheachta, mar phríomhscileanna don earnáil atá ag teacht chun cinn.

**Pobail Chleachtas:** Tá pobail chleachtas sonraithe ag an earnáil mar bhealach chun a chur ar chumas cheannairí shinsearacha agus daoine ar mian leo bheith ina gceannairí eolas a roinnt, dea-chleachtas a mhalartú agus fadhbanna a réiteach go comhoibríoch.

**Comhpháirtíochtaí le Comhlachtaí Gairmiúla:** Tá caidrimh leis an tionscal gairmiúil agus le comhlachtaí creidiúnúcháin tearcfhorbartha go fóill. Tá sé sin in ann srian ar chur le cumas na hearnála deiseanna don fhorbairt ghairmiúil a fheabhsú, conairí gairme a neartú, leas a bhaint as líonraí fairsinge gairmithe agus gairmithe ardoilte a mhealladh a d'fhéadfadh spéis a bheith acu oibriú san earnáil spórt.

**Soláthraithe Oideachais & Scileanna:** Is foinse mhór saineolais agus oiliúna speisialaithe atá ábhartha don lucht saothair spóirt iad institiúidí tríú leibhéal agus soláthraithe oiliúna poiblí/príobháideacha. Tá os cionn 100 cúrsaí tríú leibhéal ann a bhaineann le spórt agus aclaíocht [7], rud a chuireann deiseanna ar fáil chun an sruth faisnéise faoi na riachtanais scileanna atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a fheabhsú agus a chur ar bhonn foirmiúil, agus mar sin an soláthar oideachas agus oiliúna a dhéanamh níos saincheaptha agus níos ábhartha. Trí na caidrimh sin a bhunú, cabhraítear le stádas an oideachais spórt a ardú trí é a dhéanamh níos feiceálaí, a chreidiúnacht a neartú agus an t-aitheantas a dtugtar dó mar chonair foghlama luachmhar agus gairmiúil a atreisiú.

7 Cá hÁit le Staidéar a Dhéanamh - Cumann Eolaíochtaí Spóirt agus Aclaíochta na hÉireann

## Réimse Léargais a Seacht: Éagsúlacht sa Lucht Saothair

**Éagsúlacht i Sochaí na hÉireann:** Léiríonn figiúirí ón bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO) 2022 gur roghnaigh 22% de dhaonra na hÉireann na heitneachtaí Gorm, Áiseach, Geal neamh-Éireannach nó Eile dóibh féin[8]. Léiríonn na sonraí ón CSO go raibh ar a laghad riocht sláinte fadtéarmach amháin nó míchumas ar 22% den daonra[9]. Ina theannta sin, fuair Monatóir Spóirt na hÉireann (MSÉ) 2024 go raibh 32% de dhaoine fásta faoi mhíchumas agus 56% de na freagróirí faoi bhun 45 bliana d'aois ó na cúlraí Gorm, Áiseach agus Eile, rannpháirteach sa spórt ar bhonn seachtainiúil[10].

Cuireann an méadú sin ar an éagsúlacht i sochaí na hÉireann deis mhór ar fáil chun daoine ó chúlraí éagsúla agus ó chúlraí faoi ghannionadaíocht a thabhairt isteach sa spórt agus chun an earnáil a leathnú amach agus a éagsúlú dá bharr. Ceann de na buntáistí is mó a bhaineann le lucht saothair éagsúil ná an borradh a chuireann sé sin faoi nuálaíocht agus cruthaitheacht. Is féidir le cúlraí cultúrtha difriúla nó taithí saoil dhifriúil dearcthaí uathúla agus cuir chuige um réiteach fadhbanna a sholáthar, as a leanann réitigh agus smaointe níos nuálaí.

**Dúshláin maidir le hÉagsúlacht sa Lucht Saothair:** Cé go bhfuil roinnt mhaith eagraíochtaí ag dul i ngleic le héagsúlacht sa spórt agus i bpobail, tá dúshláin uathúla i gceist le héagsúlacht sa lucht saothair. Áirítear leo sin cén chaoi agus cá háit le hearcaíocht a dhéanamh, cén chaoi le méadú a chur ar éagsúlacht in iarratais, aghaidh a thabhairt ar riachtanais maidir le scileanna sonracha, agus an gá le céim tríú leibhéal le haghaidh roinnt mhaith ról. Is ábhair imní freisin iad inrochtaineacht ar spás oifige agus tacaíocht bhreise le linn ionduchtaithe agus lánpháirtiú na cianoibre, go háirithe do dhaoine a bhfuil riachtanais fhisiciúla bhreise acu. Is ról ríthábhachtach é a chinntiú go bhféadfaidh daoine sochair áirithe agus tacaíochtaí tábhachtacha eile a choimeád nuair a ghlacann siad le fostaíocht.

## Réimse Léargais a hOcht: Rannchuidiú Idirnáisiúnta

Bunaithe ar na freagraí a fuarthas, thuairiscigh 26 CNR go raibh post ag 89 duine ina gcónaidhm idirnáisiúnta (CI) faoi seach.

Maíodh go bhfuil sé tábhachtach guthanna a mbíonn éifeacht ag eispéiris spóirt in Éirinn orthu agus a léiríonn na heispéiris sin a bheith ann ar leibhéal na cónaidhme idirnáisiúnta ar roinnt cúiseanna:

**Dearcadh & Rannpháirteachas:** Cuireann sé deis ar fáil chun dearcadh uathúil na hÉireann ar an spórt a chur in iúl, agus a chinntiú go gcloistear faoi eispéiris in Éirinn agus go gcuirtear san áireamh iad i bhforbairt an spóirt idirnáisiúnta.

**Líonrú & Comhoibriú:** Éascaíonn sé ceangail le tíortha eile agus le comhlachtaí idirnáisiúnta, rudaí a chothaíonn deiseanna don chomhoibriú, malartú eolais agus dea-chleachtas a roinnt.

**An Spórt in Éirinn a Chur Chun Cinn:** Cabhraíonn rannpháirteachas ar an leibhéal seo le próifíl an spóirt in Éirinn a ardú ar an ardán domhanda, agus d'fhéadfadh sé ócáidí agus infheistíocht idirnáisiúnta a mhealladh.

**Bheith i gComhréir le Cuspóirí Feidhmíochta:** Is féidir le bheith i láthair ar an leibhéal idirnáisiúnta tacú go díreach le spriocanna ardfheidhmíochta agus le torthaí straitéiseacha.

**Deiseanna Forbartha:** Rochtain ar oiliúint idirnáisiúnta, cláir forbartha agus acmhainní atá in ann scileanna agus cumais riarthóirí Éireannacha a fheabhsú.

**Malartú Cultúrtha & Sásamh Fostaíochta:** Trí rannpháirteachas ar an leibhéal idirnáisiúnta, cuirtear malartú cultúrtha chun cinn agus is féidir leis an t-eispéireas fostaíochta tríd is tríd a shaibhriú do riarthóirí spóirt atá ag obair in Éirinn. Is féidir leis na nithe sin feidhmiú mar straitéisí maithe coinneála agus forbartha, atá uathúil do na daoine a oibríonn sa spórt, uaireanta.

8 Grúpa Eitneach/Cúlra, Daonáireamh 2022, Próifíl 5 - Éagsúlacht, Imirce, Eitneacht, An Lucht Siúil agus Creideamh, An Phríomh-Oifig Staidrimh
9 Preasráiteas, Daonáireamh 2022, Torthaí Phróifíl 4 - Daoine le Míchumas, Sláinte agus Cúramóirí - CSO - An Phríomh-Oifig Staidrimh
10 MSÉ 2024 | Spórt Éireann

5

# Forbairt an Luchta Saothair go dtí seo

Tugann Spórt Éireann dá aire an tábhacht mhéadaithe atá le lucht saothair gairmiúil agus ionchuimsitheach sa spórt, agus mar sin cuireann sé creat tacaíochta cuimsitheach ar fáil trína aonaid speisialaithe agus trína chláir straitéiseacha.




SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND
Annual
Governance
Conference






SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND
Great Place To Work
SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND


SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND


SPAR
ADELEKE
I RUN CLEAN
MUNICH 202



Tá sé mar aidhm ag na tionscnaimh sin acmhainneacht a fhorbairt, rialachas a fheabhsú agus sármhaitheas a chothú ar gach leibhéal den spórt in Éirinn. Áirítear le roinnt den obair ábhartha a rinne Spórt Éireann:

**Forbairt Eagraíochtúil & Athrú :**Bunaíodh an tAonad um Fhorbairt Eagraíochtúil agus Athrú go sonrach chun cumais eagraíochtaí maoinithe a neartú. Tacaíonn sé le baill foirne ghairmiúla agus le comhaltaí boird deonacha i CNRanna, CÁSanna agus comhlachtaí maoinithe eile trí chláir forbartha shaincheaptha, líonraí a bhaineann go sonrach leis an earnáil, seirbhísí tarraingthe anuas, deiseanna foghlama agus cáilíochtaí creidiúnaithe.

**Rialachas:** Tugann Aonad Rialachais Spórt Éireann tacaíocht do chomhlachtaí spóirt chun cabhrú leo cloí le dea-chleachtas i dtrédhearcacht, cuntasacht agus ceannaireacht eiticiúil. Cuireann sé an *Cód Rialachais don Spórt* chun cinn, agus tairgeann sé oiliúint, treoir agus acmhainní d'eagraíochtaí spóirt.

**CNR & Rannpháirtíocht:** Tá ról ríthábhachtach ag an Aonad CNR agus ag an Aonad Rannpháirtíochta i Spórt Éireann maidir le cur ar chumas CNRanna agus CÁSanna a n-acmhainneacht eagraíochtúil a fhorbairt agus a chothabháil. Trí chroímhaoiniú agus sruthanna maoinithe spriocdhírithe, tacaíonn na haonaid sin le fostú pearsanra oibríochtúil, forbartha agus pearsanra lena mbaineann tábhacht straitéiseach atá riachtanach chun spórt a sholáthar ar fud na hÉireann.

Tacaíonn infheistíocht trí na haonaid sin le príomhróil ceannaireachta agus bainistíochta, mar shampla Príomhoifigigh Feidhmiúcháin, Príomhoifigigh Oibriúcháin, comhordaitheoirí comhpháirtíochta agus stiúrthóirí rannpháirtíochta, chomh maith le poist a dhíríonn ar chláir, mar shampla oifigigh forbartha spórt agus oifigigh spórt pobail.

Trí infheistiú sna róil sin, cabhraíonn Spórt Éireann lena chinntiú go bhfuil an saineolas agus na hacmhainní ag na heagraíochtaí sin atá riachtanach chun cláir spóirt a sholáthar ar fud na tíre atá ionchuimsitheach, ailínithe go straitéiseach agus a bhfuil tionchar acu.




**Ardfheidhmíocht:** Tá ról lárnach ag Aonad Ardfheidhmíochta Spórt Éireann maidir le hinfheistiú i mbaill foirne agus cóitseálaithe ardfheidhmíochta i CNRanna sainaitheanta. Trí infheistíocht straitéiseach agus tacaíochtaí saincheaptha, cabhraíonn sé lena chinntiú go bhfuil na huirlisí ag gairmithe atá ag obair sa spórt den scoth chun soláthar a dhéanamh ar an leibhéal is airde.

Cabhraíonn Institiúid Spórt Éireann leis sin trí chláir spriocdhírithe a thairiscint do stiúrthóirí feidhmíochta, cóitseálaithe agus príomhphearsanra eile, ag díriú ar fhorbairt na ceannaireachta, FGL agus comhoibriú trasdhisiplíneach.

Cuireann sé Clár Déghairme ar fáil freisin, a thacaíonn le lúthchleasaithe a n-infhostaitheacht, fás pearsanta agus scileanna gairmiúla a fhorbairt le linn a ngairmeacha sa spórt.

**Ceannairí Straitéiseacha ag Mná sa Spórt, Míchumas, Éagsúlacht & Ionchuimsitheacht:** Tá ceannairí straitéiseacha tiomnaithe ceaptha ag Spórt Éireann chun ionchuimsitheacht agus comhionannas a spreagadh ar fud na hearnála spóirt. Áirítear leis sin tacaíocht spriocdhírithe, acmhainní, infheistíocht agus comhairle maidir le dea-chleachtas a chur ar fáil don lucht saothair spóirt ar fud na hÉireann.

**Frithdhópáil, Cumhdach & Cóitseáil:** Tá ról ríthábhachtach ag na haonaid speisialaithe seo chun tacú leis an lucht saothair gairmiúil agus deonach ar fud na hearnála spóirt. Cuireann gach aonad oiliúint shaincheaptha, deiseanna foghlama creidiúnaithe agus cláir FGL struchtúrtha ar fáil, agus iad deartha chun freastal ar riachtanais shonracha chleachtóirí ina réimsí faoi seach.

Trí oideachas faoi stiúir saineolaithe agus tionscnaimh um acmhainneacht a fhorbairt, cabhraíonn na haonaid sin lena chinntiú go bhfuil an t-eolas, na scileanna agus na caighdeáin eiticiúla ag baill foirne chun eispéiris spóirt atá sábháilte, éifeachtach agus ar ardchaighdeán a sholáthar.

# 6

# Cumasóirí & Acmhainní a Chur ar Fáil chun Tionchar a Imirt

Agus an straitéis seo don lucht saothair á hullmhú, sainaithníodh sraith príomhchumasóirí a thugann breac-chuntas ar na coinníollacha, tacaíochtaí agus sásraí a theastaíonn chun dul chun cinn a ghníomhachtú agus a chothabháil ar fud earnáil an spóirt. Tá na cumasóirí sin bunaithe ar chomhairliúchán agus taighde fairsing, agus is iad an bunús le rún straitéiseach a aistriú ina ghníomh bhríoch agus intomhaiste. Le chéile, cuireann siad bonn agus taca faoi earnáil spóirt faoi bhláth a chuireann ar chumas daoine a bheith rannpháirteach, feidhmiú agus rath a bhaint amach ar gach leibhéal.



## An Grúpa Stiúrtha um an Lucht Saothair

Chun na cumasóirí sin a chur i ngníomh go héifeachtach agus chun tacú le lucht saothair an spóirt in Éirinn a fhorbairt, is riachtanach tús áite a thabhairt d'infheistíocht straitéiseach i straitéis chuimsitheach um an lucht saothair, í a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh uirthi. Cinnteoidh an cur chuige sin go mbeifear ag teacht le cuspóirí náisiúnta agus feabhsóidh sé acmhainneacht na n-eagraíochtaí a mhaoinítear go poiblí chun torthaí a bhfuil tionchar acu a bhaint amach maidir le spórt agus beartas.

Feidhmeoidh grúpa stiúrtha Spórt Éireann um an lucht saothair mar ghrúpa ceannaireachta a dhéanfaidh maoirseacht ar chur i bhfeidhm an bheartais seo. Tacóidh obair na n-aonad agus na mball foirne uile i Spórt Éireann leis an straitéis agus cuirfidh siad uile i bhfeidhm í.

Lena chinntiú go mbeifear in ann an beartas seo a thomhas, sannfar táscaire ratha ar gach gníomh beartaithe agus déanfar monatóireacht air mar a mheasfar a bheith cuí. Ní féidir na táscairí ratha sin a shannadh go dtí go gcuirfear na hacmhainní a theastaíonn ar fáil.

## Na hAcmhainní a Theastaíonn

Chun beartas náisiúnta an rialtais a thabhairt chun cinn agus chun freastal ar riachtanais luchta saothair ghairmiúil a bhíonn ag athrú, éileoidh gníomhartha nua agus breise leibhéil chomhfhreagracha d'infheistíocht bhreise.

Tá sé ríthábhachtach acmhainní a chur ar fáil go straitéiseach ionas go mbeifear in ann aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí a thagann chun cinn leis an doimhneacht agus ar an scála a éilítear, agus ionas go mbeidh na huirlisí ag an earnáil chun a ról leathnaithe san fhorbairt náisiúnta a chomhlíonadh.

**Infheistíocht Straitéiseach:** Tá infheistíocht straitéiseach agus spriocdhírithe riachtanach chun lucht saothair oilte, éagsúil agus spreagtha a fhorbairt agus a choinneáil. Áirítear leis sin croí-infheistíocht ilbhliantúil a chur i bhfeidhm. Tá níos mó tacaíochta bliantúla de dhíth freisin lena chinntiú go bhfanfaidh an earnáil spóirt iomaíoch i leith earcaíocht, coinneáil agus forbairt ar gach leibhéal den soláthar spóirt.

**Daoine & Cláir:** Ní mór do straitéis láidir don lucht saothair béim a chur ar dhaoine a chumhachtú trí cheannaireacht ionchuimsitheach, conairí gairme soiléire agus cláir dhea-struchtúrtha a léiríonn riachtanais na hearnála a bhíonn ag athrú.

Beidh gá le hinfheistíocht bhreise agus spriocdhírithe ón rialtas chun cláir chéimithe, forbairt na ceannaireachta, deiseanna ionchuimsitheacha san áit oibre agus FGL struchtúrtha agus ar ardcháilíocht a fhorbairt agus chun tacú leo.

**Taighde & Acmhainní:** Tá taighde leanúnach agus léargais ó shonraí ríthábhachtach mar bhonn eolais do phleanáil don lucht saothair, do threochtaí atá ag teacht chun cinn a shainaithint, agus d'acmhainní a leithdháileadh go héifeachtach. Cinnteoidh sé sin go mbeidh straitéisí freagrúil, bunaithe ar fhianaise agus ag díriú ar an todhchaí i gcónaí.

Beidh gá le hinfheistíocht bhreise agus spriocdhírithe ón rialtas chun stór leathnaithe tacaíochtaí don lucht saothair agus d'acmhainní daonna san earnáil.

Beidh gá le tosú ar shraith staidéar faoin lucht saothair ar fud na hearnála a choimisiúnú chun tagarmhairc agus moltaí bunaithe ar shonraí a chur ar fáil.

## Réimse Cumasóra a hAon: Infheistíocht & Acmhainní

Chun tacú go héifeachtach leis an earnáil spóirt, féadfaidh Spórt Éireann díriú ar infheistíocht straitéiseach agus leithdháileadh acmhainní. Cabhróidh sé sin le heagraíochtaí pleanáil go fadtéarmach, cur le cobhsaíocht airgeadais, agus feabhas a chur ar a gcumas tallann a mhealladh agus a choinneáil.

**Samhlacha um Maoiniú Straitéiseach:** Infheistíocht ilbhliantúil do CNRanna agus do CÁSanna a chur i bhfeidhm ionas gur féidir pleanáil agus forbairt straitéiseach a dhéanamh don lucht saothair.

**Straitéisí um Ioncam Éagsúlaithe:** leanúint de thionscnaimh a fhiosrú agus a spreagadh ar tionscnaimh iad a chabhraíonn le comhlachtaí maoinithe sruthanna ioncaim éagsúlaithe a fhorbairt chun a gcobhsaíocht airgeadais agus a solúbthacht maidir le hearcaíocht agus coinneáil a fheabhsú.

## Réimse Cumasóra a Dó: Pleanáil don Lucht Saothair & Próisis Acmhainní Daonna

Tá cur chuige straitéiseach agus struchtúrtha ar phleanáil don lucht saothair riachtanach d'inbhuanaitheacht fhadtéarmach na hearnála. I bhfianaise an raon leathan samhlacha oibriúcháin, is féidir le Spórt Éireann tacú le comhlachtaí maoinithe trí:

**Pleanáil Fhoirmiúil don Lucht Saothair:** Tacaíochtaí agus acmhainní sonracha a chur ar fáil chun cabhrú le heagraíochtaí pleananna foirmiúla don lucht saothair a fhorbairt, iniúchtaí a dhéanamh ar scileanna agus ar éagsúlacht, agus tuiscint níos fearr a fháil ar a riachtanais foghlama agus forbartha.

**An Fheidhm AD a Fhorbairt:** Tacaíocht speisialaithe a thairiscint chun feidhmeanna AD a fhorbairt laistigh de chomhlachtaí maoinithe, agus a chinntiú, dá bharr, go bhfuil rochtain acu ar na hacmhainní agus ar an saineolas a theastaíonn.

**Mol Láraithe AD:** Leanúint de mhol lárnach Spórt Éireann d'acmhainní AD a fhás agus a mhéadú.

**Tacaíocht le hAistriú:** Clár tacaíochta céimnithe agus spriocdhírithe a thairiscint chun cabhrú le heagraíochtaí sainaitheanta atá ag aistriú ó struchtúir atá bunaithe ar oibrithe deonacha go dtí cinn atá bunaithe ar bhaill foirne gairmiúla.

## Réimse Cumasóra a Trí: Earcaíocht, Coinneáil & Aitheantas

Tá an cumas daoine éirimiúla a mhealladh agus a choinneáil ríthábhachtach do rath fadtéarmach an spóirt in Éirinn. Tá Spórt Éireann in ann cabhrú le comhlachtaí maoinithe aghaidh a thabhairt ar dhúshláin i dtaobh earcaíocht, coinneáil agus aitheantas leis na nithe seo a leanas:

**Aistrithe Céimithe:** Cláir struchtúrtha a fhorbairt chun céimithe as disciplíní a bhaineann agus nach mbaineann le spórt a lánpháirtiú sa lucht saothair chun píblíne thallainne oilte agus éagsúil a fhorbairt.

**Gairmeacha i gCur Chun Cinn an Spóirt:** Tacú le feachtais uile-earnála chun gairmeacha sa spórt a chur chun cinn agus chun aird a tharraingt ar na deiseanna atá le fáil in eagraíochtaí maoinithe.

**Tairseach Láraithe um Fhorbairt Gairme:** Ardán láraithe a bhunú a thabharfaidh cumhacht do dhaoine a n-aistear gairme a stiúradh trí phríomh-scileanna agus príomh-inniúlachtaí a shainaithint, trí rochtain a fháil air acmhainní foghlama spriocdhírithe agus trí conairí gairme agus deiseanna fáis a fhiosrú.

**Sochair nach Luach Saothair iad:** Béim a leagan ar na sochair a bhaineann le bheith ag obair san earnáil spóirt, mar shampla cur leis an tsláinte phoiblí, le comhtháthú sóisialta agus le forbairt pobail.

**Ag Tacú le Ceannaireacht do Mhná:** Leanúint de thionscnaimh shaincheaptha um fhorbairt ceannaireachta a chur i bhfeidhm (i.e. díriú ar mhná/fir/gach duine a mbíonn tionchar acu ar rialachas, struchtúir agus próisis) chun ionadaíocht ar mhná i róil chinnteoireachta shinsearacha i gcomhlachtaí spóirt a mhéadú.

**Tacaíochtaí Máithreachais/Atharthachta/Tuismitheora:** Faisnéis, treoir agus acmhainní a chur ar fáil don earnáil, mar shampla bunchaighdeáin inscálaithe agus teimpléid bheartais, chun tacú le cur chuige leanúnach, cothrom agus ionchuimsitheach ar fud eagraíochtaí spóirt, atá comhréireach lena méid agus lena n-acmhainní.

**Filleadh ar an Áit Oibre:** Cláir, acmhainní agus próisis spriocdhírithe a fhorbairt chun tacú le daoine dul isteach sa lucht saothair arís tar éis sosanna gairme. Ba cheart béim faoi leith a leagan ar mhná agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais ghrúpaí eile a bhfuil aistriú gairme á dhéanamh acu.

**Acmhainní & Uirlisí:** Tacaíocht agus ábhar a chur ar fáil d'eagraíochtaí chun a dtuiscint ar éagsúlacht a fhorbairt agus chun feabhas a chur ar bhrandáil fostóirí, rannpháirteachas ball foirne agus folláine agus cultúr san áit oibre.

**Samhlacha Oibre Solúbtha:** Samhlacha fostaíochta solúbtha agus nuálacha a spreagadh agus a chur chun cinn, mar shampla róil seirbhíse chomhroinnte, postroinnt agus deiseanna cianoibre, chun gairmithe oilte a mhealladh agus a choinneáil.

**Ómós don Lucht Saothair:** Treoir a chur ar fáil faoin gcaoi le cláir ómóis, rannpháirteachais agus folláine a chur i bhfeidhm, ar cláir iad a leagann béim ar rannchuidiú an lucht saothair ghairmiúil, agus a thugann aitheantas agus tacaíocht dó.

## Réimse Cumasóra a Ceathair: Léargais & Sonraí

Tabharfaidh Spórt Éireann aghaidh ar an easpa taighde agus sonraí mionsonraithe faoin lucht saothair spóirt trí:

**Sonraí & Léargais:** Sraith staidéar faoin lucht saothair ar fud na hearnála a choimisiúnú chun tagarmhairc agus moltaí bunaithe ar shonraí a chur ar fáil.

**Pá & Coinníollacha Tagarmhairc:** Taighde sonrach agus tionscnaimh thagarmharcála a choimisiúnú lena chinntiú go mbeidh tuarastail, sochair agus coinníollacha oibre ag teacht le caighdeáin na hearnála.

## Réimse Cumasóra a Cúig: Gairmiúlú, Forbairt Scileanna & Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Ionas go mbeidh an earnáil in ann na daoine is éirimiúla a mhealladh agus a choinneáil, ní mór di conairí gairme soiléire agus inbhuanaithe a thairiscint, in éineacht le córas FGL struchtúrtha

Is féidir le Spórt Éireann cabhrú le:

**Creataí Inniúlachta & Conairí Gairme:** Creataí inniúlachta uile-earnála a fhorbairt chun bealaí um dhul chun cinn agus riachtanais um pleanáil comharbais a leagan amach do róil éagsúla, ón leibhéal iontrála go dtí an cheannaireacht shinsearach.

**Forbairt Ghairmiúil Leanúnach:** Cláir shaincheaptha oiliúna, oideachais agus FGL a fhorbairt, agus iad i gcomhréir le creataí inniúlachta, agus béim láidir á leagan ar thús áite a thabhairt do scileanna agus inoiriúnaitheacht seachas forbairt ar ról do phost nach mbíonn ag athrú. Áirítear leis sin cóitseáil, meantóireacht agus cláir forbartha ceannaireachta.

**Riachtanais atá ag Teacht Chun Cinn & Athruithe Straitéiseacha:** Anailís ardleibhéil ar riachtanais foghlama a dhéanamh go rialta chun na bearnaí scileanna atá ag teacht chun cinn a shainaithint, dul in oiriúint d'athruithe straitéiseacha, agus tacú le forbairt leanúnach san earnáil.

**Córas Bainistithe Foghlama Láraithe (CBF):** Infheistiú i gcur i bhfeidhm CBF a thairgeann oiliúint sholúbtha ar éileamh i scileanna teicniúla, bainistithe agus ceannaireachta.

**Inniúlacht Tráchtála a Fhorbairt:** Forbairt ar phríomh-inniúlachtaí a spreagadh, mar shampla urraíocht, margaíocht agus tráchtálú chun cabhrú le heagraíochtaí na hacmhainní a dteastaíonn uathu a ghiniúint.

**Claochlú Digiteach, Nuálaíocht, IS & Inbhuanaitheacht:** Oiliúint shonrach agus acmhainní sonracha a chur ar fáil chun claochlú digiteach, nuálaíocht, intleacht shaorga agus inbhuanaitheacht a lánpháirtiú i mbainistiú agus oibríochtaí an spóirt.

**Pobail Chleachtais:** Leanúint de phobail chleachtais a chur ar fáil lena chur ar chumas ceannairí sinsearacha agus daoine ar mian leo bheith ina gceannairí eolas a roinnt, dea-chleachtas a mhalartú agus fadhbanna a réiteach go comhoibríoch.

**Comhpháirtíochtaí le Comhlachtaí Gairmiúla:** Dul i gcomhpháirt le hinstitiúidí tríú leibhéal agus le soláthraithe oiliúna poiblí agus príobháideacha chun rochtain a fháil ar shaineolaithe tionscail agus ar chláir oiliúna ar ardcháilíocht. Úsáid a bhaint as na comhpháirtíochtaí sin chun na riachtanais scileanna atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a chur in iúl, chun oiliúint shaincheaptha agus ábhartha a chinntiú agus chun próifíl an oideachais spóirt a ardú.

## Réimse Cumasóra a Sé: Éagsúlacht sa Lucht Saothair

Tá píblíne láidir agus éagsúil luchta saothair riachtanach do thodhchaí an spóirt in Éirinn. Is féidir le Spórt Éireann é sin a thabhairt chun cinn trí:

**Cláir Oiliúna don Earnáil:** Leanúint de chláir um fheasacht faoi mhíchumas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht a chur i bhfeidhm chun cultúr ionchuimsitheach san áit oibre a chothú agus chun feabhas a chur ar an tuiscint ar dhearcthaí agus riachtanais éagsúla.

**Comhpháirtíochtaí:** Comhpháirtíochtaí a fhorbairt le gníomhaireachtaí, eagraíochtaí, cláir for-rochtana agus institiúidí oideachais chun grúpaí faoi ghannionadaíocht a aimsiú agus chun conairí isteach sa lucht saothair spóirt a chruthú.

**Tacaíocht le hEarcaíocht Ionchuimsitheach:** Oiliúint agus acmhainní faoi chleachtais earcaíochta ionchuimsitheacha a thairiscint, chun tacú le heagraíochtaí éagsúlacht a bhaint amach ina stór tallainne.

**Cláir Phíblíne:** Sraith clár a chruthaíonn rochtain ar an earnáil spóirt a bhunú. Cur leis na nithe sin le deiseanna cóitseála agus meantóireachta chun tacú tuilleadh le forbairt gairme.

**Dul Chun Cinn Gairme:** Tacaíocht agus acmhainní a chur ar fáil do dhaoine a dhéanann rochtain ar an earnáil spóirt trí chláir phíblíne chun a scileanna agus saineolas a fhorbairt, lena chur ar a gcumas dul ar aghaidh chuig róil cheannaireachta agus/nó cinnteoireachta sa spórt.

**Feasacht faoi Inrochtaineacht:** Oiliúint a chur ar fáil agus samhlacha fostaíochta malartacha a chur chun cinn d'eagraíochtaí ionas go bhféadfaidh siad tuiscint níos fearr a fháil ar na socruithe saoráide, áit oibre agus eile is gá chun tacú le daoine faoi mhíchumas nó a bhfuil riochtaí ainsealacha acu atá ag dul isteach sa lucht saothair spóirt.

**Cláir Aitheantais & Tacaíochta:** Tacú le cláir a aithníonn agus a cheiliúrann an méid a dhéanann fostaithe éagsúla lena chinntiú go gcoinneofar iad agus go ndéanfaidh siad dul chun cinn gairme.

## Réimse Cumasóra a Seacht: Rannchuidiú Idirnáisiúnta

Trí rannpháirteachas le cónaidhmeanna spóirt Eorpacha agus idirnáisiúnta, cabhraítear lena chinntiú go bhfuil eispéiris agus dearcthaí spóirt in Éirinn mar chuid de chomhráite níos leithne a bhfuil tionchar acu ar an timpeallacht spóirt domhanda. Is féidir le Spórt Éireann tacú leis sin trí:

**Conairí do Riarthóirí:** Tuiscint níos doimhne a fháil ar na conairí éagsúla do chomhlachtaí spóirt in Éirinn chun caidreamh a dhéanamh le cónaidhmeanna idirnáisiúnta, lena n-áirítear iasachtaí agus malartuithe.

**Straitéis um Píblíne Ceannaireachta:** Oiliúint i gceannaireacht agus deiseanna forbartha agus meantóireachta a chur ar fáil d'fhostaithe sainaitheanta san earnáil chun píblíne riarthóirí spóirt a fhorbairt a bheadh in ann róil cheannaireachta idirnáisiúnta a ghlacadh chucu féin.

**Tacaíochtaí Oiliúna & Oideachais:** Daoine i gcomhlachtaí spóirt in Éirinn a spreagadh chun cur isteach ar róil nó freastal ar imeachtaí i gcónaidhmeanna Eorpacha agus idirnáisiúnta.

**Comhaontais Straitéiseacha & Abhcóideacht:** Caidrimh le comhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha a neartú chun ionadaíocht ar Éirinn ar leibhéil na cinnteoireachta a chur chun cinn.



# 7

# Plean Forbartha don Lucht Saothair (2026-2030)



## Plean Forbartha don Lucht Saothair (2026-2030)

### EOCHAIR EOLAIS

**RCCS** - An Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt
**ADF SÉ** - Aonad Frithdhópála & Eitice Spórt Éireann
**Cóitseáil SÉ** - Aonad Cóitseála Spórt Éireann
**Cumarsáid SÉ** - Aonad Cumarsáide, Gnóthaí Corparáideacha & Margaíochta Spórt Éireann
**CÉ&I SÉ** - Comhionannas, Éagsúlacht & Ionchuimsitheacht Spórt Éireann
**Míchumas SÉ** - Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas Spórt Éireann
**Rialachas SE** - Aonad Rialachais, Riosca, Comhlíonta & Straitéise Spórt Éireann
**AF SÉ** - Aonad Ardfheidhmíochta Spórt Éireann
**Nuálaíocht SÉ** – Aonad Taighde, Meastóireachta & Nuálaíochta Spórt Éireann
**SI NGB** - Aonad Spórt Éireann um na gCoistí Náisiúnta Rialaithe Spóirt
**FEA SÉ** - Aonad Spórt Éireann um Fhorbairt Eagraíochtúil agus Athrú
**Rannpháirtíocht SÉ**Aonad Rannpháirtíochta Spórt Éireann
**Taighde SÉ** - Aonad Taighde, Meastóireachta & Nuálaíochta Spórt Éireann
**MSS SÉ** - Mná sa Spórt Spórt Éireann

| Colún Straitéiseach | Cuspóir | Gníomh | Faoi Stiúir |
|---|---|---|---|
| **Infheistíocht & Acmhainní** | Pleanáil straitéiseach don lucht saothair a chumasú trí infheistíocht inbhuanaithe | · 'Croí'-infheistíocht do CNRanna agus CÁSanna ionas go bhféadfaí pleanáil agus forbairt straitéiseach a dhéanamh don lucht saothair. | RCCS<br>CNR/Rann-pháirtíocht SÉ |
| | Tacú le solúbthacht eagraíochtúil trí éagsúlú ioncaim | · Leanúint d'fhiosrú a dhéanamh ar thionscnaimh a chuireann ar chumas comhlachtaí maoinithe sruthanna ioncaim éagsúla a fhorbairt agus iad a spreagadh, agus mar sin cur le cobhsaíocht airgeadais agus solúbthacht in earcaíocht agus coinneáil a mhéadú. | FEA SÉ<br>CNR SÉ<br>Cumarsáid SÉ |
| **Pleanáil don Lucht Saothair & Próisis AD** | Pleanáil fhoirmiúil don lucht saothair a bhunú i gcomhlachtaí maoinithe | · Tacaíocht, acmhainní agus dea-chleachtais saincheaptha a chur ar fáil chun pleanáil fhoirmiúil don lucht saothair a fhorbairt agus a fheabhsú.<br><br>· Iniúchtaí ar scileanna agus measúnuithe ar riachtanais foghlama a éascú. | FEA SÉ |
| | Feidhmeanna AD i gcomhlachtaí maoinithe a neartú | · Tacaíocht speisialaithe a chur ar fáil chun acmhainneacht AD a fhorbairt i gcomhlachtaí maoinithe.<br><br>· Rochtain ar shainchomhairle agus uirlisí AD a mhéadú.<br><br>· Leanúint den mhol lárnach acmhainní AD a fhorbairt chun tacú le comhlachtaí maoinithe.<br><br>· Treoir a chur ar fáil do bhoird agus foirne feidhmiúcháin i gcomhlachtaí maoinithe faoina bhfreagrachtaí agus faoi dhea-chleachtas mar fhostóirí. | FEA SÉ |
| | Tacú le haistriú eagraíochtúil ó shamhail atá bunaithe ar oibrithe deonacha go dtí samhail atá bunaithe ar bhaill foirne ghairmiúla | · Clár tacaíochta céimnithe agus spriocdhírithe a dhearadh agus a chur i bhfeidhm chun eagraíochtaí sainaitheanta a threorú tríd an bpróiseas aistrithe. | FEA SÉ<br>CNR SÉ<br>Rialachas SÉ |

| Colún Straitéiseach | Cuspóir | Gníomh | Faoi Stiúir |
|---|---|---|---|
| **Earcaíocht, Coinneáil & Aitheantas** | Píblíne thallainne inbhuanaithe a bhunú san earnáil spóirt | · Cláir struchtúrtha aistrithe céimithe a fhorbairt a dhéanfaidh céimithe as disciplíní a bhaineann agus nach mbaineann le spórt a lánpháirtiú sa lucht saothair trí mheantóireacht, oiliúint agus deiseanna socrúcháin.<br>· Feachtais uile-earnála a fhorbairt chun gairmeacha sa spórt a chur chun cinn agus chun feasacht a ardú faoi dheiseanna in eagraíochtaí maoinithe.<br>· Tairseach láraithe gairmeacha a chur ar fáil chun faisnéis faoi ghairmeacha a chuíchóiriú agus chun rochtain ar thallann ar fud na hearnála a fheabhsú. | FEA SÉ<br>CNR SÉ<br>Rialachas SÉ |
| | Feabhas a chur ar mhealltacht agus infheictheacht ghairmeacha sa spórt | · Na sochair nach luach saothair iad a bhaineann le bheith ag obair sa spórt a chur chun cinn, lena n-áirítear cur leis an tsláinte phoiblí, le comhtháthú sóisialta agus le forbairt pobail.<br>· Uirlisí agus acmhainní a thabhairt d'eagraíochtaí chun brandáil fostóirí, rannpháirteachas ball foirne agus folláine san áit oibre a neartú.<br>· Samhlacha fostaíochta solúbtha agus nuálacha a spreagadh, mar shampla postroinnt, cianobair agus róil seirbhíse chomhroinnte, chun gairmithe oilte a mhealladh agus a choinneáil. | FEA SÉ<br>CNR SÉ<br>Rann-pháirtíocht SÉ<br>Cumarsáid SÉ |
| | Tacú le rannpháirtíocht agus folláine ionchuimsitheach sa lucht saothair | · Leanúint de thionscnaimh shaincheaptha um fhorbairt ceannaireachta a chur i bhfeidhm (i.e. díriú ar mhná/fir/gach duine a mbíonn tionchar acu ar rialachas, struchtúir agus próisis) chun ionadaíocht ar mhná i róil chinnteoireachta shinsearacha i gcomhlachtaí spóirt a mhéadú.<br>· Faisnéis, treoir agus acmhainní a chur ar fáil don earnáil faoi thacaíochtaí máithreachais/atharthachta/tuismitheora. Féadfaidh bunchaighdeáin inscálaithe agus teimpléid bheartais a bheith san áireamh leo sin, chun tacú le cur chuige leanúnach, cothrom agus ionchuimsitheach ar fud comhlachtaí maoinithe, atá comhréireach lena méid agus lena n-acmhainní.<br>· Cláir agus acmhainní spriocdhírithe a fhorbairt chun tacú le mná agus le grúpaí sainaitheanta eile atá ag filleadh ar an lucht saothair tar éis sosanna gairme.<br>· Treoir agus tacaíocht a thairiscint chun tionscnaimh um aitheantas, rannpháirteachas agus folláine a léiríonn meas ar an méid a dhéanann an lucht saothair gairmiúil a chur i bhfeidhm.<br>· Cleachtais earcaíochta agus conairí forbartha gairme ionchuimsitheacha a léiríonn éagsúlacht na bpobal a ndéanann an earnáil spóirt freastal orthu a chur chun cinn. | FEA SÉ<br>MSS SÉ<br>CÉ&I SÉ<br>Míchumas SÉ |
| **Léargais & Sonraí** | Pleanáil don lucht saothair agus iomaíochas an lucht saothair a neartú le sonraí agus léargais uile-earnála | · Staidéir chuimsitheacha ar an lucht saothair a choimisiúnú chun tagarmhairc a bhunú agus mar bhonn eolais do phleanáil straitéiseach agus chun cúrsaí baill foirne a réamhaisnéisiú.<br>· Moltaí bunaithe ar shonraí a fhorbairt chun tacú le forbairt an lucht saothair i gcomhlachtaí maoinithe.<br>· Taighde ar phá agus coinníollacha reatha ar fud na hearnála a choimisiúnú. | FEA SÉ<br>Taighde SÉ |

| Colún Straitéiseach | Cuspóir | Gníomh | Faoi Stiúir |
|---|---|---|---|
| **Gairmiúil-Gairmiúlú, Forbairt Scileanna & FGL** | Creataí inniúlachta agus conairí gairme soiléire a bhunú ar fud na hearnála spóirt | · Creataí inniúlachta a fhorbairt ar fud na hearnála a thugann sainmhíniú ar ionchais maidir le róil, bealaí um dhul chun cinn, agus riachtanais um pleanáil comharbais le haghaidh poist ar an leibhéal iontrála go dtí poist ceannaireachta sinsearaí. | FEA SÉ<br>CNR SÉ |
| | Cláir FGL shaincheaptha a dhíríonn ar an todhchaí a sholáthar | · Cláir FGL a dhearadh agus a sholáthar, ar cláir iad a thagann le creataí inniúlachta, agus a thugann tús áite do scileanna inoiriúnaithe trí chóitseáil, meantóireacht agus tionscnaimh forbartha ceannaireachta.<br><br>· Anailís ardleibhéil ar riachtanais foghlama a dhéanamh go rialta chun na bearnaí scileanna atá ag teacht chun cinn a shainaithint, dul in oiriúint d'athruithe straitéiseacha, agus tacú le forbairt leanúnach san earnáil. | FEA SÉ |
| | Earnáil inscálaithe agus inrochtana a chruthú trí CBF láraithe | · Infheistiú i gcur i bhfeidhm CBF láraithe a thairgeann oiliúint sholúbtha ar éileamh i scileanna teicniúla, bainistithe agus ceannaireachta. | FEA SÉ<br>Cóitseáil SÉ<br>ADF SÉ |
| | Cumais tráchtála agus straitéiseacha a fhorbairt sa lucht saothair | · Oiliúint agus acmhainní a chur ar fáil i bpríomhréimsí tráchtála, mar shampla urraíocht, margaíocht agus forbairt gnó chun tacú le hinbhuanaitheacht agus fás eagraíochtúil. | FEA SÉ<br>CNR SÉ<br>Cumarsáid SÉ |
| | An lucht saothair a ullmhú don chlaochlú digiteach agus don inbhuanaitheacht | · Oiliúint agus acmhainní a chur ar fáil sna réimsí nuálaíocht, claochlú digiteach, intleacht shaorga agus inbhuanaitheacht. | FEA SÉ<br>Nuálaíocht SÉ |
| | Piarfhoghlaim a chothú trí phobail chleachtais | · Pobail chleachtais a mhéadú agus tacú leo, ar pobail iad a chuireann ar chumas daoine eolas a roinnt, fadhbanna a réiteach go comhoibríoch agus bheith ag foghlaim go leanúnach i measc ceannairí reatha agus ceannairí atá ag teacht chun cinn. | Gach Aonad Gnó SÉ |
| | Forbairt ghairmiúil a neartú trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha | · Comhpháirtíochtaí a bhunú le comhlachtaí gairmiúla agus le heagraíochtaí creidiúnúcháin chun conairí gairme a fheabhsú, chun gairmithe oilte a mhealladh agus chun tacú le caighdeáin uile-earnála. | FEA SÉ<br>CNR SÉ<br>Nuálaíocht SÉ |
| | An soláthar oiliúna a chur i gcomhréir le riachtanais na hearnála trí chomhpháirtíochtaí oideachais | · Comhoibriú le hinstitiúidí tríú leibhéal agus le soláthraithe oiliúna chun rochtain a fháil ar chláir faoi threoir saineolaithe agus a chinntiú go bhfuil an oiliúint saincheaptha do na héilimh reatha agus do na héilimh atá ag teacht chun cinn san earnáil spóirt. D'fhéadfaí a áireamh leis sin cáilíochtaí foirmiúla a chur i gcomhréir leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí, nuair is cuí, chun próifíl an oideachais spóirt agus an t-aitheantas a thugtar dó a mhéadú. | FEA SÉ<br>CNR SÉ<br>Cóitseáil SÉ<br>Nuálaíocht SÉ |

| Colún Straitéiseach | Cuspóir | Gníomh | Faoi Stiúir |
|---|---|---|---|
| **Éagsúlacht sa Lucht Saothair** | Cultúr ionchuimsitheach agus cothrom sa lucht saothair a chothú | · Cláir oiliúna uile-earnála a sholáthar i bhfeasacht faoi mhíchumas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht, agus mná sa spórt, chun cultúir ionchuimsitheacha san áit oibre a fhorbairt agus chun an tuiscint ar riachtanais éagsúla a fheabhsú.<br><br>· Oiliúint agus acmhainní a chur ar fáil chun tacú le cleachtais earcaíochta ionchuimsitheacha, lena chur ar chumas eagraíochtaí éagsúlacht a bhaint amach ina stór tallainne.<br><br>· Feasacht faoi riachtanais inrochtaineachta a chur chun cinn trí oiliúint agus treoir a thairiscint maidir le spásanna oibre ionchuimsitheacha agus samhlacha fostaíochta malartacha do dhaoine faoi mhíchumas nó a bhfuil riochtaí ainsealacha acu. | FEA SÉ<br>MSS SÉ<br>Míchumas SÉ<br>CÉ&I SÉ<br>CNR SÉ<br>Rann-pháirtíocht SÉ |
| | Rochtain ar an lucht saothair spóirt agus conairí chuige a mhéadú do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht | · Comhpháirtíochtaí a fhorbairt le cláir for-rochtana, institiúidí oideachais agus gníomhaireachtaí ábhartha chun caidreamh a dhéanamh le pobail faoi ghannionadaíocht agus chun pointí iontrála sa lucht saothair spóirt a chruthú.<br><br>· Cláir phíblíne spriocdhírithe a bhunú chun dul isteach san earnáil spóirt agus forbairt ghairme luath a éascú.<br><br>· Deiseanna tacaíochta agus forbartha leanúnacha a chur ar fáil do dhaoine a théann isteach san earnáil trí chláir phíblíne chun dul ar aghaidh chuig róil cheannaireachta agus chinnteoireachta. | FEA SÉ<br>MSS SÉ<br>Míchumas SÉ<br>CÉ&I SÉ<br>CNR SÉ<br>Rann-pháirtíocht SÉ |
| | Lucht saothair éagsúil a aithint agus a choinneáil | · Tacú le tionscnaimh a cheiliúrann an méid a dhéanann fostaithe éagsúla agus a gcoinneáil agus a ndul chun cinn san earnáil a chur chun cinn. | FEA SÉ<br>MSS SÉ<br>Míchumas SÉ<br>CÉ&I SÉ<br>CNR SÉ<br>Rann-pháirtíocht SÉ<br>Cumarsáid SÉ |
| **Rannchuidiú Idirnáisiúnta** | Conairí a shainaithint agus caidrimh straitéiseacha a fhorbairt | · Tuiscint níos doimhne a fháil ar na conairí éagsúla do chomhlachtaí spóirt in Éirinn chun caidreamh a dhéanamh le cónaidhmeanna idirnáisiúnta, lena n-áirítear iasachtaí agus malartuithe.<br><br>· Caidrimh a fhorbairt le comhlachtaí idirnáisiúnta agus comhoibriú le cainéil rialtais agus taidhleoireachta chun tacú le hiarrachtaí ionadaíochta.<br><br>· Labhairt ar son Éire a bheith san áireamh ar fhóraim agus coistí cinnteoireachta. | AF SÉ<br>CNR SÉ<br>FEA SÉ<br>Cumarsáid SÉ |
| | Píblíne agus cumais cheannaireachta a fhorbairt | · Oiliúint i gceannaireacht agus deiseanna forbartha agus meantóireachta a chur ar fáil d'fhostaithe sainaitheanta ardacmhainne san earnáil chun píblíne riarthóirí a fhorbairt a bheadh in ann róil cheannaireachta idirnáisiúnta a ghlacadh chucu féin.<br><br>· Daoine i gcomhlachtaí spóirt in Éirinn a spreagadh chun cur isteach ar róil nó freastal ar imeachtaí tábhachtacha líonraithe i gcónaidhmeanna Eorpacha nó idirnáisiúnta. | AF SÉ<br>CNR SÉ<br>FEA SÉ<br>Cumarsáid SÉ |

# 8

# Aguisíní



## Príomhdhoiciméid Straitéiseacha & Bheartais

**Spórt Náisiúnta & Idirnáisiúnta:**

An Beartas Náisiúnta Spórt 2018 – 2027

Téigh Amach faoin Aer: Straitéis Náisiúnta Áineasa Faoin Aer 2023-2027

Ráiteas Straitéise Spórt Éireann 2023-2027

Beartas Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta Spórt Éireann

Seoladh an Ráitis um Thiomantas agus Gníomhaíocht maidir le Rannpháirtíocht sa Spórt do Dhaoine faoi Míchumas | Spórt Éireann

Beartas Spórt Éireann maidir le Mná sa Spórt

Plean Cóitseála Spórt Éireann

Straitéis Ardfheidhmíochta Spórt Éireann

Beartas Spórt Éireann maidir leis an Obair Dheonach sa Spórt

Clár ESF+ Spórt Éireann "Sport 4 Empowerment"

An Chairt Luachanna don Spórt in Éirinn | Spórt Éireann

Treoirlínte Spórt Éireann um Chosaint Leanaí

MSÉ 2024 | Spórt Éireann

Creat um Pleanáil don Lucht Saothair: Spórt na Nua-Shéalainne, NZRA agus Scileanna Gníomhacha

Spórt Shasana: Bheith ag Obair i Náisiún Gníomhach 2019-2023

Cónaidhm Spórt na Danmhairge: I dTreo 2030

EOSE : Staitisticí Fostaíochta sa Spórt san Eoraip 2023

EOSE : Staitisticí Fostaíochta sa Spórt san Eoraip 2023 (Éire)

**Cúrsaí Eacnamaíocha & an Lucht Saothair**

An Chomhairle Náisiúnta Scileanna

Daonáireamh 2022 - CSO - An Phríomh-Oifig Staidrimh

Suirbhé ar an Lucht Saothair Ráithe 3 2025 - An Phríomh-Oifig Staidrimh

Suirbhé ar an Lucht Saothair Ráithe 2 2025 - An Phríomh-Oifig Staidrimh

An Tráchtaireacht Eacnamaíoch Ráithiúil, Samhradh 2025

Suirbhéanna Eacnamaíocha an ECFE: Éire 2025 | ECFE

SOLAS | An tAonad Taighde Margaidh maidir le Scileanna agus Saothair | Taighde

Ireland's Talent Landscape 2025: Future Skills Challenges of Irish Business | Skillnet Ireland

Foilseacháin & Tuarascálacha | The Wheel

Fostering-Ethnic-Diversity-and-Inclusion-in-the-Workplace.pdf

Gender balance in business and finance | An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne

## Liosta Comhlachtaí arna nAithint / Maoiniú ag Spórt Éireann

**Coistí Náisiúnta Rialaithe Spóirt a Aithnítear**

1. Peil Mheiriceánach Éireann
2. Comhairle Slatiascaireachta na hÉireann
3. Cumann Boghdóireachta na hÉireann
4. Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann
5. Cumann Badmantain na hÉireann
6. Cumann Cispheile na hÉireann
7. Cumann Dornálaíochta na hÉireann
8. Ból-Chumann na hÉireann
9. Aontas Canúála na hÉireann
10. Cruicéad Éireann
11. Cumann Cróice na hÉireann
12. Rothaíocht Éireann
13. Spóirt na mBodhar, Éire
14. Tumadóireacht Éireann
15. Pionsóireacht Éireann
16. Cumann Peile na hÉireann
17. Cumann Lúthchleas Gael
18. Liathróid Láimhe CLG Éireann
19. Aontas Gailf na hÉireann
20. Cumann Gleacaíochta na hÉireann
21. Cumann Haca na hÉireann
22. Eachspórt Éireann
23. Cumann Caiteoirí Crú Capaill na hÉireann
24. Cumann Scátáil Oighir na hÉireann
25. Cumann Coraíochta Amaitéarach na hÉireann
26. Cumann Lámhaigh Créthargaidí na hÉireann
27. Cumann Haca Oighir na hÉireann
28. Cumann Júdó na hÉireann
29. Bollaí Éireann
30. Coimisiún Ealaíon Comhraic na hÉireann
31. Cumann Rugbaí na hÉireann
32. Cumann Seoltóireachta na hÉireann
33. Cumann Surfála na hÉireann
34. Cumann Babhlála Deich bPionna na hÉireann
35. Cónaidhm Sciála Uisce agus Chlársheoltóireachta Srutha na hÉireann
36. Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (Spórt)
37. Cumann Pheil na mBan
38. Gluaisrothaíocht Éireann
39. Rásaíocht Mótair Éireann
40. Comhairle Sléibhteoireachta na hÉireann
41. Aerchlub Náisiúnta na hÉireann
42. Cluichí Pobail Náisiúnta
43. Liathróid Láimhe Oilimpeach Éireann
44. Cumann Oifigiúil Náisiúnta Cearáité na hÉireann
45. Cumann Treodóireachta na hÉireann
46. Galf Dhá Mhaide Éireann
47. Cumann Liathróid Raicéid na hÉireann
48. Rámhaíocht Éireann
49. Rugbaí Sraithe Éireann
50. Cumann Billéardaí agus Snúcair na hÉireann
51. Comhairle na hÉireann do na Cluichí Oilimpeacha Speisialta
52. Cumann Uaimheadóireachta na hÉireann
53. Scuais Éireann
54. Cumann Snámha na hÉireann
55. Cumann Leadóg Bhoird na hÉireann
56. Taecuando Éireann
57. Cumann Leadóige na hÉireann
58. Cumann na Camógaíochta
59. Trí-atlan Éireann
60. Cónaidhm Slatiascairí Breac na hÉireann
61. Tarraingt Téide na hÉireann
62. Cónaidhm Casta Baitín na hÉireann
63. Spóirt Radhairc na hÉireann
64. Cumann Eitpheile na hÉireann
65. Cumann Tógála Meáchan na hÉireann

## Liosta Comhlachtaí arna nAithint / Maoiniú ag Spórt Éireann

**Comhlachtaí Ionadaíocha / Maoinithe Eile**

1. Aostacht agus Deiseanna
2. Míchumas Gníomhach Éireann
3. Cónaidhm Spóirt na hÉireann
4. Éire Gníomhach
5. Comhairle Spórt na Scoileanna Speisialta na hÉireann
6. Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann
7. Cumann Parailimpeach na hÉireann
8. Peantatlan Éireann
9. Cumann Spórt Sneachta na hÉireann
10. Spórt Mac Léinn na hÉireann

**Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt**

1. Ceatharlach
2. An Cabhán
3. An Clár
4. Corcaigh
5. Dún na nGall
6. Cathair Bhaile Átha Cliath
7. Dún Laoghaire-Ráth an Dúin
8. Fine Gall
9. Gaillimh
10. Ciarraí
11. Cill Dara
12. Cill Chainnigh
13. Laois
14. Liatroim
15. Luimneach
16. An Longfort
17. Lú
18. Maigh Eo
19. An Mhí
20. Muineachán
21. Uíbh Fhailí
22. Ros Comáin
23. Sligeach
24. Baile Átha Cliath Theas
25. Tiobraid Árann
26. Port Láirge
27. An Iarmhí
28. Loch Garman
29. Cill Mhantáin

## Gluais

| | |
|---|---|
| **IS** | Intleacht Shaorga |
| **RCCS** | An Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt |
| **POF** | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin |
| **CTR** | Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta |
| **POO** | Príomhoifigeach Oibriúcháin |
| **FGL** | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach |
| **CSO** | An Phríomh-Oifig Staidrimh |
| **É&I** | Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht |
| **EIGE** | An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne |
| **EOSE** | European Observatoire of Sport and Employment |
| **ESRI** | An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta |
| **RGCS** | An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí |
| **AF** | Ardfheidhmíocht |
| **AD** | Acmhainní Daonna |
| **CI** | Cónaidhm Idirnáisiúnta |
| **MSÉ** | Monatóir Spóirt na hÉireann |
| **TF** | Teicneolaíocht Faisnéise |
| **CBF** | Córas Bainistíochta Foghlama |
| **CÁS** | Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt |
| **CNR** | Coiste Náisiúnta Rialaithe Spóirt |
| **BNS** | An Beartas Náisiúnta Spórt |
| **ECFE** | An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta |
| **SF** | Stiúrthóir Feidhmíochta |
| **SLS** | Straitéis don Lucht Saothair |
| **MSS** | Mná sa Spórt |




MONDO
MONDO

SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

| |
|---|
| Straitéis Spórt Éireann don Lucht Saothair: An Spórt á Chumhachtú Ag Tacú le Forbairt an Lucht Saothair Ghairmiúil sa Spórt in Éirinn (2026-2030) |
| Leagan 1: Foilsithe Aibreán 2026 |
| Teagmháil: odc@sportireland.ie |